AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.12.2023
COM(2023) 787 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/788 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

GA GA

**Tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/788**

**maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh**

## 1. RÉAMHRÁ

An 1 Eanáir 2020, tháinig Rialachán (AE) 2019/788 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]) (an Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh) i bhfeidhm. Lean an dara Rialachán seo maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh athchóiriú reachtach fairsing a thug aghaidh ar na heasnaimh i gcur i bhfeidhm an chéad Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (Rialachán (AE) Uimh. 211/2011([2]) ). Is é is aidhm do na rialacha athbhreithnithe 'an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a dhéanamh níos inrochtana, níos soláimhsithe agus an t-ualach oibre a bhaineann lena úsáid a laghdú d'eagraithe agus do thacadóirí, agus obair leantach air a neartú chun a phoitéinseal iomlán a bhaint amach mar uirlis chun plé a chothú' ([3]).

Le hAirteagal 25 den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmiú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh agus tuairisc a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2024 agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin. Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus ar fheidhmiú ionstraim an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ón 1 Eanáir 2020. Leagtar amach inti na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún chun cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus feidhmiú Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a fheabhsú tuilleadh, agus torthaí an athbhreithnithe agus iarrataí ó pháirtithe leasmhara á gcur san áireamh. Tugtar aghaidh sa tuarascáil seo freisin ar shaincheisteanna éagsúla a áirítear sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2023 maidir le cur chun feidhme na Rialachán i ndáil leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ([4]) agus comhlánaíonn sí freagra an Choimisiúin ar rún Pharlaimint na hEorpa ([5]).

Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialacha athbhreithnithe, rinne an Coimisiún roinnt comhairliúchán chun feidhmiú mar bhonn fianaise don tuarascáil seo ([6]): comhairliúcháin le heagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh (suirbhé ar líne agus

(1) Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (IO L 130, 17.5.2019, lch. 55).

(2) Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh (IO L 65, 11.3.2011, lch. 1).

(3) Aithris 5, Rialachán (AE) 2019/788.

(4) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0230_EN.html

(5) https://oeil.secure.europarl.europa.eu/oeil/spdoc.do?i=60031&j=0&l=en

(6) Foilsítear na tuarascálacha ar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin éagsúla ar leathanach gréasáin athbhreithnithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh: https://citizens-initiative.europa.eu/2023-eci-review_ga.

agallaimh) ([7]); suirbhé ar líne ar údaráis na mBallstát a bhfuil freagrachtaí orthu a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ([8]); suirbhé ar líne atá spriocdhírithe ar shaoránaigh ([9]); agus suirbhé scoir lena spriocdhírítear ar shínitheoirí Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a bhain úsáid as lárchóras bailithe ar líne an Choimisiúin ([10]). Sa phróiseas athbhreithnithe, dhírigh an Coimisiún ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh ón 1 Eanáir 2020 agus ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh faoin gcéad Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a bhí fós ar siúl an 1 Eanáir 2020 ag céimeanna éagsúla de nós imeachta an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

## 2. FORBHREATHNÚ AR AN TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Cé go raibh na rialacha athbhreithnithe díreach tar éis teacht i bhfeidhm nuair a thosaigh sí, chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar chumas na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a bhí ar siúl ag an am chun a bhfeachtais a chur i gcrích ar fud an Aontais. Léirítear i dTábla 1 an tionchar diúltach a bhí ag paindéim COVID-19 ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. In 2020, nuair a tháinig na rialacha athbhreithnithe i bhfeidhm, níor iarradh clárú ach i gcás cúig Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh nua. Leis na bearta sealadacha ([11]) a mhol an Coimisiún agus a ghlac na comhreachtóirí an 15 Iúil 2020, cuireadh teorainn le tionchar na paindéime ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh. A luaithe a tháinig feabhas ar an staid sláinte, d’fhéadfaí roinnt forbairtí dearfacha a thabhairt faoi deara cheana féin, agus méadú ag teacht ar an líon iarrataí ar chlárú agus líon níos mó ná riamh i ndáil le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a bhailigh 1 mhilliún síniú ar a laghad agus, dá réir sin, líon níos mó ná riamh d’fhreagraí ón gCoimisiún ar Thionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh.

**Tábla 1: forbhreathnú ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh sa tréimhse tuairiscithe**

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | IOMLÁN 2020-2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarrataí ar chlárú** | 5 | 11 | 11 | 13 | 40 |
| **Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh** | 5 | 11 | 10 | 11 | 37 ([12]) |

([7]) Mar aon leis na hagallaimh bhreise, d’eascair 34 fhreagra ó ionadaithe na dTionscnamh Eorpacha ó na saoránaigh as an suirbhé ar líne.

([8]) Thug 25 Bhallstát freagra ar an suirbhé.

([9]) Rud a ghin 7 271 fhreagra.

([10]) Rud a ghin 60 157 bhfreagra. Is suirbhé scoir é suirbhé a thaispeántar do chuairteoirí ar shuíomh gréasáin nuair atá siad ar tí an suíomh gréasáin a fhágáil.

([11]) Rialachán (AE) 2020/1042 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos bearta sealadacha maidir leis na teorainneacha ama le haghaidh na gcéimeanna bailiúcháin, fíorúcháin agus scrúdúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/788 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh i bhfianaise ráig COVID-19 (IO L 231, 17.7.2020, lch. 7-11).

([12]) Tá measúnú dlíthiúil á dhéanamh ar thrí iarraidh.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh ar diúltaíodh dóibh ([13]) | | 1 | | | 1 |
| Aistarraingthe tar éis measúnú tosaigh an Choimisiúin | | | | 1 | 1 |
| **Bailí agus curtha isteach** | 2 | | 1 | 3 | 6 |
| **Cuireadh an fíorú i gcrích go rathúil, níor cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin fós é** | | | | | 2 ([14]) |
| **Freagartha** | | 2 | | 4 | 6 ([15]) |

Sa tréimhse tuairiscithe, d'fhéadfadh saoránaigh agus an tsochaí tairbhe a bhaint as na tionchair dhearfacha a bhí ag Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh ar éirigh leo roimhe seo. Mar obair coincréiteach leantach ar an gcéad Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh rathúil ('Right2Water'), leis an Treoir athbhreithnithe maidir le hUisce Óil ([16]), ar ghá do na Ballstáit í a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 12 Eanáir 2023, tá feabhas á chur ar an rochtain ar uisce lena n-áirítear do ghrúpaí leochaileacha agus imeallaithe. Mar fhreagairt ar an Tionscnamh ó na Saoránaigh rathúil 'Ban Glyphosate', tháinig an Rialachán maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú riosca an Aontais sa bhiashlabhra ([17]) i bhfeidhm an 27 Márta 2021 agus tugann sé rochtain uathoibríoch do shaoránaigh ar gach staidéar agus faisnéis arna chur isteach ag an tionscal sa phróiseas measúnaithe riosca.

In éineacht leis an dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tugadh isteach glúin nua de chórais TF chun tacú le feidhmiú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh: an lárchóras bailithe ar líne, an tseirbhís malartaithe comhad ([18]), Fóram athchóirithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus clár nua an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus an suíomh gréasáin poiblí nua ([19]). Le linn na tréimhse tuairiscithe, cuireadh tuilleadh feabhais ar na córais sin i gcomhairle le húsáideoirí agus le páirtithe leasmhara. Mar a chinn na comhreachtóirí mar chuid den athchóiriú ar an Tionscnamh Eorpach

([13]) 'Eve Initiative for the Establishment of the Right to Decide'.

([14]) Na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh 'Stop extremism' (fíoraithe roimh 2020) agus 'Cohesion policy'.

([15]) Glacfar an freagra ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Fur Free Europe' faoin 14 Nollaig 2023.

([16]) Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce a ceapadh lena chaitheamh ag an duine (athmhúnlú) (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1 - 62).

([17]) Rialachán (AE) 2019/1381 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le trédhearcacht agus inbhuanaitheacht mheasúnú an Aontais ar rioscaí sa bhiashlabhra (IO L 231, 6.9.2019, lch. 1–28).

([18]) Éascaíonn an tseirbhís malartaithe comhad aistriú slán na ráiteas tacaíochta chuig na húdaráis náisiúnta.

([19]) https://citizens-initiative.europa.eu/_ga

ó na Saoránaigh, cuireadh deireadh de réir a chéile leis na córais bhailithe ar líne ar leithligh — a bhíodh in úsáid tráth nach raibh lárchóras lánfheidhme ar fáil ([20]).

## 3. MEASÚNÚ AR CHUR I BHFEIDHM AN RIALACHÁIN MAIDIR LEIS AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

### 3.1. Próiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh i mbeagán focal

Tá roinnt céimeanna i gceist le próiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Chun tionscnamh ó na saoránaigh a sheoladh, ní mór 'grúpa eagraithe' a chur ar bun. Sular féidir le heagraithe tosú ar ráitis tacaíochta a bhailiú ó shaoránaigh, ní mór an tionscnamh beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun a mheas an gcomhlíontar na coinníollacha clárúcháin. Nuair a dheimhnítear an clárú, beidh 6 mhí ag na heagraithe tús a chur le bailiú sínithe. Ní mór dóibh 1 mhilliún síniú a bhailiú laistigh de 12 mhí agus na tairseacha is gá a bhaint amach i 7 mBallstát ar a laghad. Tar éis do na húdaráis náisiúnta na sínithe a bailíodh a fhíorú agus an deimhniú a fháil gur comhlíonadh na tairseacha, is féidir le heagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a dtionscnamh a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena scrúdú agus lena bhfreagra oifigiúil.

### 3.2. An ceart chun tacú le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

**Aois íosta chun tacú le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh**

Roimh an 1 Eanáir 2020, bhí an aois tacaíochta do Thionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh faoi bhun 18 mbliana d'aois i dtrí Bhallstát i gcomhréir leis an aois vótála do thoghcháin Pharlaimint na hEorpa (16 san Ostair agus i Málta, agus 17 sa Ghréig). Chun rannpháirtíocht saoránach óg i saol daonlathach an Aontais Eorpaigh a fheabhsú, cuireann an Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar chumas na mBallstát an aois íosta chun tacú le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a ísliú go dtí 16 bliana d'aois i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta. Ó tugadh an fhoráil sin isteach, tá an aois íosta tacaíochta is infheidhme maidir le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh íslithe go 16 i dtrí Bhallstát: An Eastóin (ó 1 Eanáir 2020 ar aghaidh), an Ghearmáin (ó 1 Eanáir 2023 ar aghaidh) agus an Bheilg (ó 1 Bealtaine 2023 ar aghaidh), rud a chiallaíonn go bhfuil sé Bhallstát ann anois ina bhfuil an aois íosta tacaíochta faoi bhun 18. Ina theannta sin, tá pleananna léirithe ag an bhFionlainn chun an aois íosta tacaíochta a ísliú go dtí 16 bliana d'aois agus d'fhógair Éire pleananna chun scrúdú a dhéanamh ar ísliú na haoise íosta vótála. I dTábla 2 tugtar forbhreathnú ar an aois íosta chun tacú le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh sna 27 mBallstát.

**Tábla 2: aois íosta chun tacú le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh — staid na himeartha (Meitheamh 2023)**

| | |
|---|---|
| 18 mbliana d'aois | BG, CZ, DK, IE, ES, FR, HR, IT, CY, LV, LT, LU, HU, NL, PL, PT, RO, SI, SK, FI, SE |

([20]) Sa chleachtas, bhain na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh úsáid as córas amháin den sórt sin, is é sin bogearraí OpenECI a chuireann eagraíochtaí sochaí sibhialta ar fáil. Chuir an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh deireanach deireadh lena thréimhse bhailiúcháin an 19 Iúil 2023.

| | |
|---|---|
| 17 mbliana d'aois | EL |
| 16 bliana d'aois | BE, DE, EE, MT, AT |


Ina n-aiseolas, thuairiscigh 15 Bhallstát nach raibh sé beartaithe acu faoi láthair an aois íosta tacaíochta a ísliú go dtí 16 bliana d'aois agus nach ndearnadh aon chinneadh i dtrí cinn eile (an Laitvia, an tSlóivéin agus an tSlóvaic).

Bhreithnigh 75 % d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ([21]) go bhfuil sé tábhachtach an aois íosta tacaíochta a laghdú go dtí 16 bliana d'aois sna Ballstáit uile chun go n-éireoidh le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh. Mar sin féin, bhí tuairimí éagsúla ag na saoránaigh a ghlac páirt sa suirbhé ar líne maidir leis an bpointe seo: Bhí 52 % i bhfabhar an aois íosta tacaíochta a ísliú go 16 bliana d'aois ach bhreithnigh 46 % gurb é 18 an aois tacaíochta íosta iomchuí.

**Grúpa eagraithe**

Coinníoll chun Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a sheoladh is ea **grúpa eagraithe** a chur ar bun ina mbeidh seachtar saoránach de chuid an Aontais ar a laghad (i) nach mór dóibh a bheith ina gcónaí i seacht mBallstát éagsúla den Aontas agus (ii) aois vótála a bheith acu sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa.

**Cairt 1: dáileadh na n-eagraithe de réir náisiúntachta agus áit chónaithe (na trí Bhallstát is mó)([22])**




Léirítear sa dáileadh de réir aoisghrúpa (féach Cairt 5 san Iarscríbhinn) ionadaíocht chothrom ar fud na gcatagóirí aoise éagsúla, le dea-ionadaíocht daoine óga (21 % faoi bhun 30 bliain d'aois agus 50 % os cionn 40 bliain d'aois).

Leis an Rialachán nua maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, is féidir freisin **eintiteas dlítheanach** a bhunú chun Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a bhainistiú; níor

([21]) 12 as na 16 fhreagróir suirbhé.

([22]) Liosta iomlán i gCairt 4 san Iarscríbhinn.

thuairiscigh ach beirt eagraithe, áfach, go raibh sé sin déanta acu agus go raibh sé úsáideach ar an bhforiomlán. Luaigh iad siúd nár bhain úsáid as an bhféidearthacht seo na cúiseanna seo a leanas: an t-ualach riaracháin, na costais ghaolmhara agus na moilleanna nós imeachta a bhaineann le heintitis dhlítheanacha den sórt sin a bhunú.

### 3.3. Céim an chlárúcháin

Tá **40** n-iarraidh faighte ag an gCoimisiún tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chlárú ó tháinig na rialacha athbhreithnithe i bhfeidhm. Le linn na tréimhse tuairiscithe, chláraigh an Coimisiún **37** dtionscnamh Eorpacha ó na saoránaigh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, mar gheall freisin ar an nós imeachta dhá chéim ([23]), lena gceadaítear d'eagraithe athbhreithniú a dhéanamh ar thionscnaimh nach féidir a chlárú ina mhalairt de chás toisc nach dtagann na tionscnaimh sin (i bpáirt) faoi raon feidhme chumhachtaí an Choimisiúin. Chruthaigh an nós imeachta sin a úsáidí a bhí sé agus é ag cur ar a gcumas do 8 dtionscnamh Eorpacha ó na saoránaigh a chlárú go hiomlán ar deireadh. Níor diúltaíodh ach d'iarraidh **amháin** ar chlárú sa deireadh thiar. Tharraing na heagraithe iarraidh eile siar tar éis mheasúnú tosaigh an Choimisiúin.

Ionas go bhfeidhmeoidh an próiseas clárúcháin go rianúil laistigh de na sprioc-amanna dochta a leagtar síos sa Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, ní mór do na heagraithe fianaise chuimsitheach a chur isteach maidir leis na ceanglais riaracháin a chomhlíonadh mar chuid dá n-iarratas ar chlárú.

Thuairiscigh 83 % de na heagraithe ([24]) a ndearnadh suirbhé orthu ar cuireadh na rialacha nua maidir le clárú i bhfeidhm ina leith go raibh nós imeachta an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh le haghaidh clárúcháin éifeachtach agus simplí ar an bhforiomlán. Níor mheas ach freagróir amháin go raibh sé an-deacair an nós imeachta a chomhlíonadh. Bhreithnigh formhór na bhfreagróirí ([25]) go bhfuil na ceanglais maidir le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chlárú soiléir agus go bhfuil an próiseas teicniúil maidir le haighneacht a chur isteach tríd an gcuntas eagraí éasca. Mheas formhór na bhfreagróirí go raibh sé sách éasca na coinníollacha maidir le clárú a chomhlíonadh, ach bhreithnigh dhá cheann acu (17 %) go raibh sé sách deacair na coinníollacha a chomhlíonadh — mar gheall ar na ceanglais maidir le seiceálacha riaracháin a bhaineann le háit chónaithe agus leis an ngá lena áirithiú nach dtagann aon chuid den Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh go follasach lasmuigh d'inniúlachtaí an Choimisiúin. Baineann an dúshlán is mó a thuairiscigh na heagraithe le linn chéim an chlárúcháin le hacmhainní — am agus cistiú.

---

([23]) Foráiltear le hAirteagal 6(4) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha chun Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chlárú, cé is moite den cheanglas 'nach bhfuil aon pháirt den tionscnamh go follasach lasmuigh de chumhachtaí an Choimisiúin togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a chur isteach chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme' (Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c)), ní mór don Choimisiún na heagraithe a chur ar an eolas faoin measúnú sin. Féadfaidh na heagraithe an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh, chun an tionscnamh a choinneáil ar bun nó a tharraingt siar. Ní mór do na heagraithe a rogha féin a chur ar an eolas don Choimisiún agus leasuithe, más ann dóibh, a chur isteach ar an tionscnamh tosaigh.

([24]) 10 bhfreagra as 12 fhreagra a léiríonn tionscnaimh a cláraíodh tar éis an 1 Eanáir 2020.

([25]) 10 bhfreagra as 12 fhreagra a léiríonn tionscnaimh a cláraíodh tar éis an 1 Eanáir 2020.

Na heagraithe a ndearnadh suirbhé orthu agus a chuaigh tríd an nós imeachta dhá chéim le haghaidh clárúcháin, bhreithnigh siad go raibh an fhaisnéis a sholáthair an Coimisiún sa chéad mheasúnú soiléir. Bhain siad úsáid as an treoraíocht a chuir Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ar fáil, treoraíocht a mheas a bhformhór a bheith fíor-riachtanach chun a áirithiú go gclárófaí a dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Níor thuairiscigh ionadaí ach amháin i gcás chlárú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ar diúltaíodh dó nach raibh na cúiseanna leis an diúltú iomlán soiléir ([26]).

### 3.4. Céim an bhailithe

An 1 Eanáir 2020, bhí 16 Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh faoin gcéad Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh fós ag céim an bhailithe. Chuir **33** Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh eile atá cláraithe faoin Rialachán athbhreithnithe maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh tús le céim an bhailithe le linn na tréimhse tuairiscithe. I dTábla 3 soláthraítear forbhreathnú ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh ag céim an bhailithe.

Sa tréimhse tuairiscithe, bhailigh **cúig Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh** - líon níos mó ná riamh - níos mó ná 1 mhilliún ráiteas tacaíochta, agus amach as sin bhí trí cinn de na cúig Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh cláraithe faoin dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Bhain trí cinn de na cúig thionscnamh ar éirigh leo tairbhe as bearta sealadacha COVID-19. Ina theannta sin, bhailigh roinnt Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh nár shroich an tairseach de 1 mhilliún ráiteas tacaíochta líon suntasach ráiteas tacaíochta, rud a d'fhág go raibh siad infheicthe agus gur spreag siad díospóireacht ar fud an Aontais nó i mBallstáit áirithe ([27]) . An tráth céanna, bhailigh 13 Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh líon íseal sínithe (faoi bhun 10 000). Luaitear roinnt cúiseanna mar údar leis sin ar féidir leo a chéile a threisiú, amhail an tóir phoiblí agus cineál an ábhair; leibhéal ullmhúcháin agus bainistíochta an fheachtais bhailiúcháin; agus an bhuanseasmhacht agus an tiomantas is gá d'eagraithe na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse níos faide. Luaigh roinnt eagraithe go mbíonn sé deacair líon suntasach sínithe a bhailiú i gcás tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh nach dtacaíonn eintitis amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha nó gnólachtaí leo.

**Tábla 3: forbhreathnú ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh ag céim an bhailithe ([28]) (Samhain 2023)**

---

([26]) Is féidir le Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh tacú le heagraithe le linn chéim an chlárúcháin trí chomhairle dlí a chur ar fáil, go háirithe maidir le hinniúlachtaí an Choimisiúin chun gníomhartha dlí a ghlacadh. I gcás an t-aon Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh amháin ar diúltaíodh dó, níor bhain na heagraithe úsáid as seirbhísí Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh d'ainneoin gur spreagadh dóibh déanamh amhlaidh.

([27]) Bhailigh an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'End the Slaughter *Age*' os cionn 850 000 ráiteas tacaíochta. Bailíodh idir 250 000 agus 300 000 ráiteas tacaíochta ó na ceithre thionscnamh Eorpacha eile ó na saoránaigh ('Start Unconditional Basic Incomes (UBI) throughout the EU', 'Ban Fossil Fuel Advertising and Sponsorships', 'Ensuring Common Commercial Policy conformity with EU Treaties and compliance with international law' agus 'Right to Cure').

([28]) Bunaithe ar fhaisnéis arna tuairisciú ag eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh nó atá ar fáil go poiblí; níor thuairiscigh gach Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a cláraíodh faoin gcéad Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh an líon ráiteas tacaíochta a bailíodh ós rud é nach ceanglas dlíthiúil é sin.

| | |
|---|---|
| **Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a bhailigh os cionn 1 mhilliún ráiteas tacaíochta bailí ó bhí an 1 Eanáir 2020 ann** | 5 |
| **Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a tarraingíodh siar nó a dúnadh le tacaíocht neamh-leordhóthanach, iad grúpáilte de réir an líon ráiteas tacaíochta a bailíodh** | 29 |
| - *1 mhilliún síniú ar a laghad* | 1 ([29]) |
| - *500 000 – 999 999 síniú* | 1 |
| - *250 000 – 499 999 síniú* | 4 |
| - *100 000 – 249 999 síniú* | 1 |
| - *50 000 – 99 999 síniú* | 5 |
| - *10 000 – 49 999 síniú* | 4 |
| - *5 000 – 9 999 síniú* | 4 |
| - *Faoi bhun 5 000 síniú* | 9 |
| **Bailiúchán ar bun faoi láthair** | 10 |
| **Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh atá le tús a chur le bailiúchán** | 4 |

Ar an bhforiomlán, ó bhí 2020 ann, bailíodh breis agus 9 milliún ráiteas tacaíochta. Bailíodh os cionn 90 % de na sínithe sin ar líne, agus bailíodh an chuid eile ar pháipéar.

Thuairiscigh na heagraithe a ndearnadh suirbhé orthu go raibh siad sásta den chuid is mó le héifeachtacht na nósanna imeachta agus na n-uirlisí atá le fáil do chéim an bhailithe sínithe. An chuid is mó de na freagróirí a rinne ionadaíocht ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh atá cláraithe faoin dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, bhreithnigh siad go raibh na 6 mhí úsáideach tar éis dóibh clárú ([30]) chun bailiú sínithe a ullmhú.

Luaigh freagróirí an tsuirbhé gur chuidigh na cumasóirí seo a leanas leo sínithe a bhailiú: tacaíocht ó eagraíochtaí neamhrialtasacha; úsáid ardáin mhóra bailithe sínithe (e.g. Avaaz, WeMove agus Campact); úsáid tionchairí; agus infheictheacht a fháil i meáin éagsúla náisiúnta agus AE.

([29]) I gcás Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Eat original', níor baineadh amach tairseacha tar éis do na Ballstáit na ráitis tacaíochta a fhíorú.

([30]) Le hAirteagal 8(1) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, is féidir leis na heagraithe dáta tosaigh na tréimhse bailiúcháin a roghnú. Ní mór an dáta tosaigh a bheith tráth nach déanaí ná 6 mhí ó dháta cláraithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

Is minic a luaigh na heagraithe a ndearnadh suirbhé orthu na nithe seo a leanas mar dhúshláin a bhí rompu le linn chéim an bhailithe: drogall na saoránach na sonraí pearsanta is gá a sholáthar; easpa feasachta na saoránach faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh; an t-am a aimsiú chun díriú ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh; spéis na meán a mhealladh; agus comhpháirtithe a aimsiú chun an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chur chun cinn i seacht mBallstát ar a laghad.

### 3.4.1. Córais bhailithe ar líne

D'fhéadfadh eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh idir an 1 Eanáir 2020 agus an 31 Nollaig 2022 rogha a dhéanamh an lárchóras bailithe ar líne nó córas bailithe ar líne eile a úsáid, i gcomhréir le hAirteagal 11 den dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Cé go raibh rogha fós indéanta, **roghnaigh 20** Tionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh **an lárchóras bailithe ar líne** agus **roghnaigh sé cinn an bogearra OpenECI** a sholáthraíonn eagraíochtaí sochaí sibhialta.

As na cúig Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a bhailigh os cionn 1 mhilliún ráiteas tacaíochta le linn na tréimhse sin, bhain trí cinn úsáid as an lárchóras bailithe ar líne ([31]) agus bhain dhá cheann úsáid as an gcóras OpenECI ([32]).

Thuairiscigh formhór na n-eagraithe a ndearnadh suirbhé orthu ([33]) go raibh siad sásta ar an bhforiomlán leis an gcóras a roghnaigh siad a úsáid, cé gur thuairiscigh roinnt eile ([34]) rátaí sástachta níos ísle.

### 3.4.2. An lárchóras bailithe ar líne

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) den dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, d'fhorbair an Coimisiún an lárchóras bailithe ar líne, a tháinig chun bheith oibríochtúil an 1 Eanáir 2020. Tháinig an córas nua lánfheidhme sin in ionad an réitigh a sholáthair an Coimisiún roimh 2020, ina raibh bogearraí mar aon le comhaontú óstála maidir le stóráil shlán na sonraí ar fhreastalaithe an Choimisiúin. Baineann eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh úsáid **saor in aisce** as an gcóras nua, atá **ar fáil i ngach teanga den Aontas**. Is córas éasca le húsáid, lándéanta é ina ndéantar na sonraí pearsanta a chriptiú nuair a bhailítear agus a stóráiltear iad — ní gá d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh an Coimisiún a chur ar an eolas ach 10 lá oibre roimh thús a chur lena mbailiú (Airteagal 10(3)) agus ní mór dóibh comhaontú a shíniú leis an gCoimisiún maidir leis an bhfreagracht chomhpháirteach as cosaint sonraí ([35]). **Níl gá le formheasanna breise** ós rud é go

([31]) Na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh 'Cohesion policy', 'Stop finning' agus 'Save cruelty free cosmetics'.

([32]) Na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh 'Save bees and farmers!' agus 'Fur Free Europe'.

([33]) ceithre as sé fhreagróir a d'úsáid an lárchóras bailithe ar líne; agus ceithre as na seacht bhfreagróir a d'úsáid an córas bailithe ar líne ar leithligh.

([34]) dhá cheann as na sé fhreagróir a d'úsáid an lárchóras bailithe ar líne; agus trí as na seacht bhfreagróir a d'úsáid an córas bailithe ar líne ar leithligh.

([35]) De réir an Chomhaontaithe maidir le Rialaitheoir Comhpháirteach, is é an Coimisiún atá freagrach as sonraí pearsanta a bhailítear ar líne tríd an lárchóras bailithe ar líne, agus níl eagraithe na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh freagrach ach amháin as cosaint sonraí pearsanta a bhailítear ar páipéar.

gcomhlíonann an córas na ceanglais theicniúla agus slándála uile cheana féin. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18(2), is féidir le heagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh an córas a úsáid freisin **chun seoltaí ríomhphoist an lucht tacaíochta a bhailiú** agus, dá bhrí sin, tá siad in ann a líonra a choimeád ar an eolas faoi dhul chun cinn a dTionscnamh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Tá rochtain iomlán ag daoine faoi mhíchumas ar an gcóras (i gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus Airteagal 10(1)).

Faoin gcéad Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, bhí eagraithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh freagrach go foriomlán as ráitis tacaíochta a aistriú chuig na Ballstáit lena bhfíorú. Faoin Rialachán athbhreithnithe maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, chun slándáil shonraí pearsanta na saoránach a áirithiú le linn thimthriall foriomlán an Tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh (ón mbailiú go dtí an t-aistriú chuig na Ballstáit), tá **seirbhís malartaithe comhad** forbartha ag an gCoimisiún lena n-éascaítear trí chriptiú ó cheann go ceann aistriú sábháilte na ráiteas tacaíochta a bhailítear ar líne tríd an lárchóras bailithe ar líne chuig údaráis na mBallstát lena bhfíorú. Is féidir an feidhmchlár seo a úsáid freisin chun ráitis pháipéir scanta a aistriú. Cé nach gceanglaítear é sin leis na rialacha athbhreithnithe, d'aontaigh an Coimisiún agus na Ballstáit go bhféadfadh Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh faoi na seanrialacha nó a bhain úsáid as córais ar leithligh ([36]) an uirlis seo a úsáid freisin. D'ullmhaigh an Coimisiún treoraíocht chuimsitheach agus d'eagraigh sé tástáil fhairsing leis na Ballstáit maidir le húsáid na seirbhíse malartaithe comhad agus an bhainistíocht ghaolmhar ar na heochracha príobháideacha agus poiblí. D'eagraigh sé seisiúin leis na heagraithe freisin chun cúnamh a thabhairt dóibh ráitis tacaíochta nár bailíodh tríd an lárchóras bailithe ar líne a chriptiú agus a uaslódáil.

Áirithítear le **hardleibhéal slándála an chórais bailithe** go ndéantar sonraí pearsanta na saoránach a chriptiú agus a phróiseáil go sábháilte ón uair a théann siad isteach sa chóras bailithe go dtí go sroicheann siad údaráis na mBallstát lena bhfíorú. Soláthraíonn an Coimisiún faisnéis agus oiliúint maidir le húsáid an lárchórais bailithe ar líne (seimineáir ghréasáin, treoracha agus físeáin ar líne). Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 10(5) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, téann an Coimisiún i gcomhairle go tráthrialta le húsáideoirí agus le páirtithe leasmhara maidir le tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar an gcóras sin.

Seo a leanas roinnt de na príomhfheabhsuithe a tugadh isteach ar an lárchóras bailithe ar líne ó bhí 2020 ann:

- **Slándáil** – soláthraíonn an córas criptiú ó cheann go ceann de na sonraí pearsanta trí gach céim den phróiseáil; ar an bhforiomlán, déantar na gnéithe slándála a uasghrádú go tráthrialta i gcomhréir leis na rialacha, na caighdeáin agus na treoirlínte a forbraíodh faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach ([37]).

([36]) Baineadh úsáid as an uirlis le haghaidh dhá Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh faoin gcéad Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh: 'Save bees and farmers!' agus 'End the Cage Age'.

([37]) IO L 006 11.1.12017, lch. 40.

- Cuireadh feabhas ar cháilíocht na sonraí a bhailítear ó shaoránaigh, **tar éis na rialacha formáidithe agus na rialacha um 'shuim sheiceála'** maidir le doiciméid aitheantais a chur chun feidhme i gcás na 18 mBallstát a dteastaíonn uimhir aitheantais ina leith san fhoirm tacaíochta, rud a laghdaíonn an riosca go ndiúltófaí ráitis tacaíochta agus a éascaíonn próiseas fíorúcháin na mBallstát.
- **comhtháthuithe eID -** ó seoladh na rialacha athbhreithnithe, rinneadh scéimeanna náisiúnta ríomh-shainaitheantais a chomhtháthú sa lárchóras bailithe ar líne le haghaidh 16 Bhallstát, rud a chuireann ar chumas na saoránach síniú gan a sonraí pearsanta a ionchur de láimh. Ní raibh an rogha seo le fáil i ndáil leis na córais bhailithe ar líne ar leithligh.
- **Feabhsuithe ar inúsáidteacht** tar éis comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara agus staidéar inúsáidteachta agus inrochtaineachta; go sonrach, cuireadh tuilleadh feabhais ar an leagan soghluaiste den lárchóras bailithe ar líne, rud a fhágann go bhfuil sé níos éasca do shaoránaigh síniú trína ngléasanna móibíleacha.
- **An leathanach sínithe a chur in oiriúint -** is féidir leis na heagraithe a chinneadh cén fhaisnéis is mian leo a thaispeáint ar an leathanach sínithe (a lógó féin, a mbarra dul chun cinn le faisnéis fíor-ama faoin líon ráiteas tacaíochta a bailíodh ar líne, léarscáil a léiríonn tairseacha a baineadh amach in aghaidh an Bhallstáit, dul chun cinn in aghaidh an Bhallstáit, agus lucht tacaíochta is déanaí – Ballstát agus dáta).
- **Comhlíonadh cosanta sonraí** – ligeann modúl tiomnaithe maidir le rialaitheoirí sonraí don Choimisiún a dhualgais mar rialaitheoir sonraí a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le cosaint sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag institiúidí an Aontais ([38]) agus freagairt go mear d'iarrataí ó ábhair sonraí.
- Anailísíocht ghréasáin a chur ar fáil d'eagraithe (sonraí maidir le trácht ar a leathanach tionscnaimh) agus **staitisticí** ábhartha eile in aghaidh an tionscnaimh, rud a chuirfidh ar a gcumas measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht a bhfeachtais.

**Tá ardleibhéal sástachta leis an gcóras tuairiscithe ag saoránaigh a d'úsáid an lárchóras bailithe ar líne**: luaigh os cionn 93 % de na freagróirí ar an suirbhé scoir go raibh sé éasca nó an-éasca tacú le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus é á úsáid; rinne tromlach mór na bhfreagróirí rátáil ard ar shoiléire na faisnéise ag míniú conas Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a shíniú trí úsáid a bhaint as an gcóras; agus bhraith formhór na bhfreagróirí go raibh muinín acu as slándáil na sonraí pearsanta a sholáthair siad tríd an gcóras. Thuairiscigh thart ar 8 % de na húsáideoirí a ghlac páirt sa suirbhé scoir míchumas ábhartha agus bhí a sástacht fhoriomlán ard freisin (le meánscór 8 as 10).

([38]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39–98).

### 3.4.3. Úsáid ríomh-shainaitheantais (Airteagal 10(4) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh)

Ceann de phríomhghnéithe an lárchórais bailithe ar líne is ea go bhféadfaí na huirlisí ríomh-shainaitheantais náisiúnta a bhfuil taithí ag saoránaigh orthu ar an leibhéal náisiúnta a chomhtháthú laistigh den chóras, rud a laghdódh dá réir sin an riosca go ndéanfar earráidí agus sonraí pearsanta á n-ionchódú acu. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú gur féidir lena saoránaigh tacú le tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh ar líne trí mhodhanna ríomh-shainaitheantais ar tugadh fógra ina leith nó ríomhshíniú de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 (Rialachán eIDAS) ([39]).

Tá comhtháthú scéimeanna náisiúnta ríomh-shainaitheantais sa lárchóras bailithe ar líne curtha i gcrích cheana féin le haghaidh 16 Bhallstát. Tá cúig Bhallstát eile i mbun a scéimeanna ríomh-shainaitheantais náisiúnta a chur ar fáil faoi Rialachán eIDAS (BG, DK, FR, PL agus SI), an chéad chéim i dtreo comhtháthaithe le córas bailithe ar líne an Choimisiúin.

**Tábla 4: staid na himeartha maidir le comhtháthuithe ríomh-shainaitheantais sa lárchóras bailithe ar líne (Samhain 2023)**

| | |
|---|---|
| eID a chumasú | BE, CZ, DE, EE, ES, HR, IT, LV, LT, LU, MT, NL, AT, PT, SK, SE |
| Ar siúl | BG, DK, FR, PL, SI |
| Gan eID a chumasú | IE, EL, CY, HU, RO, FI |

Thuairiscigh eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh agus saoránaigh araon ina suirbhéanna faoi seach gur bhreithnigh siad go raibh sé tábhachtach úsáid a bhaint as réitigh nua le haghaidh ríomh-shainaitheantais, amhail ríomh-shainaitheantas agus ríomhshíniú chun tacú le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh.

Cé go bhfuil sé fós imeallach (2 % den líon iomlán sínithe a bailíodh tríd an lárchóras bailithe ar líne ó bhí 2020 ann), tá méadú ag teacht ar chion na sínithe a bhailítear trí ríomh-shainaitheantas (5 % in 2023) de réir mar a bhfuil na hacmhainní sin curtha ar fáil dá saoránaigh ag níos mó Ballstát. Tá sé beartaithe Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ([40]) a thabhairt isteach chun dlús a chur le glacadh na dteicneolaíochtaí sin i ngach Ballstát agus, dá réir sin, rannpháirtíocht shibhialta agus phobail na saoránach a éascú. I gcomhthéacs Ghrúpa Saineolaithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, iarrann an Coimisiún freisin ar na Ballstáit tuairisciú go tráthrialta ar an dul chun cinn atá déanta acu maidir le ríomh-shainaitheantas a chur chun feidhme ina dtír féin.

---

([39]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lgh. 73–114).

([40]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí, COM (2021) 281 final.

#### 3.4.4. Córais bhailithe ar líne ar leithligh a dheimhniú

Dheimhnigh údarás na Gearmáine ([41]) na córais bhailithe ar líne ar leithligh le haghaidh na sé Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh tar éis an 1 Eanáir 2020 agus d'úsáid sé na córais sin. San aiseolas uaidh, chuir údarás na Gearmáine in iúl go bhfuil an sprioc-am d'aon mhí amháin chun na córais sin a dheimhniú róghearr. Chuir sé i dtábhacht go láidir freisin, i gcomparáid leis an lárchóras bailithe ar líne, go n-éilítear iarracht dhíréireach ó na Ballstáit uile chun na córais bhailithe ar leithligh a dheimhniú toisc nach mór do gach ceann acu na nósanna imeachta a dhéanamh agus na hacmhainní a infheistiú chun deimhnithe a dhéanamh laistigh den sprioc-am. San aiseolas uaithi, d'athdhearbhaigh an Ghearmáin go dtacaíonn sí le deireadh a chur de réir a chéile leis na córais sin faoin 31 Nollaig 2022 i gcomhréir le hAirteagal 11(7) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

Bhreithnigh eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a ghlac páirt sa suirbhé ar líne go raibh sé réasúnta deacair comhlíonadh leis na sonraíochtaí teicniúla chun deimhniú a fháil ar a gcóras bailithe ar líne ar leithligh agus chun an córas a dheimhniú ó na húdaráis náisiúnta.

#### 3.4.5. Measúnú ar an bhféidearthacht an rogha a thabhairt isteach an athuair d'eagraithe córais bhailithe ar líne ar leithligh a úsáid

Ina rún maidir le cur chun feidhme na rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ([42]), d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an rogha a thabhairt isteach an athuair d'eagraithe córais bhailithe ar líne ar leithligh a úsáid. Chun measúnú a dhéanamh ar an rogha sin, d'fhéach an Coimisiún ar thrí réimse.

<u>(i) Córais bhailithe ar líne ar leithligh a úsáid</u>

Le linn na caibidlíochta as ar tháinig glacadh an dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, chinn na comhreachtóirí deireadh a chur de réir a chéile le húsáid na gcóras bailithe ar líne ar leithligh faoi dheireadh 2022. Sa tréimhse idir Eanáir 2020 agus Nollaig 2022 (tráth a raibh rogha fós indéanta), roghnaigh 6 as na 26 Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a bhí cláraithe (23 %) córas OpenECI a úsáid. Sa bhliain dheireanach nuair a bhíothas in ann rogha a dhéanamh (2022), níor roghnaigh ach 2 eagraí as na 10 dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a bhí cláraithe córas bailithe ar líne ar leithligh a úsáid. Soláthraíonn na figiúirí sin léiriú láidir go bhfuil **an t-éileamh ar chóras malartach seachas an córas lárnach teoranta go leor**. Cruthaíonn úsáid na gcóras sin roinnt dúshláin agus ualach riaracháin freisin do na Ballstáit ([43]) agus d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh araon.

<u>(ii) Ualach ar eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh</u>

---

([41]) BSI - Erteilte Bescheinigungen über die Übereinstimmung individueller Online-Sammelsysteme mit der Verordnung (AE) 2019/788 (bund.de)

([42]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2023 maidir le cur chun feidhme na Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (2022/2206(INI)), https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0230_GA.html

([43]) Féach roinn 3.4.4. thuas freisin.

Trí chóras bailithe ar líne ar leithligh a úsáid, cruthaítear costais bhreise d'eagraithe na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a mhéid a bhaineann lena fhorbairt, lena bhainistiú agus lena dheimhniú ([44]), i gcomparáid leis an lárchóras bailithe ar líne, ar réiteach lándéanta saor in aisce é. Mar aon leis sin, is iad eagraithe na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh amháin atá ina rialaitheoirí sonraí ar shonraí pearsanta a bhailítear trí chórais bhailithe ar líne ar leithligh. I gcás an lárchórais bhailithe ar líne, is ar an gCoimisiún nach mór go hiomlán atá an fhreagracht sin, a bhfuil sé de chúram air an córas a bhainistiú.

Dá dtabharfaí córais bhailithe ar líne ar leithligh isteach arís bheadh **ualaí breise ar eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh chun comhlíonadh na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme a áirithiú**, toisc go gcaithfí iniúchadh tráthrialta a dhéanamh ar na córais sin chun comhlíonadh leanúnach a áirithiú le linn na tréimhse bailiúcháin.

Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na riachtanais shonracha a luaigh eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh maidir le córais mhalartacha a roghnú. Is í an chúis is minice a luaitear go bhféadfaí an córas sin a leabú i suíomhanna gréasáin tríú páirtí, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí sínithe a bhailiú trí phointí iontrála éagsúla. Dá bhrí sin, choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar ó fhoireann taighde TF sheachtrach ([45]) chun imscrúdú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil réitigh inleabaithe ar an lárchóras bailithe ar líne ar féidir leis an gCoimisiún iad a chur ar fáil d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a áirithíonn slándáil agus cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh; agus chun tionchair oibríochtúla agus bhuiséadacha na réiteach sin a mheas. Léiríodh sa staidéar go mbaineann rioscaí suntasacha slándála agus cosanta sonraí le bailiú díláraithe na ráiteas tacaíochta ar roinnt suíomhanna gréasáin tríú páirtithe anaithnide. Sna cásanna sin inar thuairiscigh eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh go ndearna siad an córas bailithe ar líne ar leithligh a leabú ar roinnt suíomhanna gréasáin, chuir na húdaráis deimhniúcháin in iúl nár tugadh fógra dóibh faoi na hathruithe riachtanacha sin ar an gcóras deimhnithe. Leis an bhfógra sin, bheadh siad in ann measúnú a dhéanamh ar cé acu an gcomhlíonfadh nó nach gcomhlíonfadh na hathruithe sin (fós) na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1799 ón gCoimisiún ([46]), lena n-áirítear ceanglais slándála agus cosanta sonraí.

I bhfianaise thorthaí na saineolaithe seachtracha, chun na córais bhailithe ar líne ar leithligh a thabhairt isteach an athuair, cheanglófaí aon suíomh gréasáin 'leabaithe' a chur san áireamh sa deimhniú, mar aon le sásra iniúchóireachta tráthrialta chun a sheiceáil go bhfuil na suíomhanna gréasáin feachtasaíochta faoi seach fós comhlíontach le linn na tréimhse bailiúcháin. Bheadh

([44]) Is é is aidhm don nós imeachta deimhniúcháin, a leagtar síos in Airteagal 11 den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, a áirithiú go gcomhlíonann córais bhailithe ar líne ar leithligh na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1799 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 (IO L 274, 28.10.2019, lch. 3).

([45]) https://citizens-initiative.europa.eu/sites/default/files/2023-11/Study%20on%20Technical%20Solutions%20for%20Organisers%20of%20European%20Citizens%20Initiatives.pdf

([46]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1799 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla le haghaidh córais bhailithe ar líne ar leithligh de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (IO L 274, 28.10.2019, lch. 3).

costais agus ualaí breise i gceist leis sin d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ([47]).

(iii) Ualach ar na Ballstáit

Tá gá do na córais bhailithe ar líne ar leithligh a bheith deimhnithe ag údaráis inniúla sa Bhallstát ina stóráiltear na sonraí. Mar chuid den athchóiriú is déanaí, choinnigh an togra ón gCoimisiún an rogha d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh córais bhailithe ar líne ar leithligh a úsáid. Mar sin féin, bhain na comhreachtóirí an fhoráil sin den togra le linn na caibidlíochta reachtaí. Mar thoradh air sin, cuireadh deireadh de réir a chéile le córais bhailithe ar líne ar leithligh agus ní fhéadfadh ach amháin Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a cláraíodh roimh an 1 Eanáir 2023 iad a úsáid. **Dá dtabharfaí na córais sin isteach an athuair, thabharfaí ar ais an oibleagáid atá ar na Ballstáit iad a dheimhniú**. Thángthas ar an gconclúid sa staidéar seachtrach thuasluaite gurb é an bealach is éifeachtaí chun na rioscaí slándála agus cosanta sonraí a bhaineann le bailiú díláraithe sínithe a rialú ná sásra nua deimhniúcháin/iniúchóireachta a chur ar bun, le sraith ceanglas teicniúil atá inchomparáide leis (ach níos déine ná) na ceanglais theicniúla a soláthraíodh roimhe seo le haghaidh na gcóras ar leithligh sin faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1799 ón gCoimisiún. Meastar sa staidéar freisin go bhféadfadh castacht agus costais na hiniúchóireachta ualach iomarcach a chur ar údaráis náisiúnta ([48]).

I bhfianaise an tionchair ar na Ballstáit dá dtabharfaí isteach córais bhailithe ar líne ar leithligh an athuair, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta a bhfuil ionadaíocht acu i nGrúpa Saineolaithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Tugann a n-aiseolas le fios nár tháinig aon athrú ar sheasamh na mBallstát ó rinneadh caibidlíocht reachtach ar an dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Ba é an gnáth-thuairim a bhí ann ná gur fhorbairt dhearfach a bhí sa lárchóras bailithe ar líne toisc go n-áirithíonn sé slándáil sonraí agus a n-aistriú sábháilte agus go gcumasaíonn sé próiseas fíoraithe níos tapúla. D'fhéadfaí an córas sin a fheabhsú tuilleadh chun freagairt do riachtanais a bheidh ag teacht chun cinn amach anseo. Thug roinnt Ballstát faoi deara go mbeadh sé neamhéifeachtúil agus costasach na córais bhailithe ar líne ar leithligh a thabhairt isteach arís toisc go mbeadh gá ar gach Ballstát a áirithiú go mbeadh na hacmhainní riachtanacha ar fáil ar feadh na bliana chun na córais sin a dheimhniú go tráthúil. Dúirt roinnt Ballstát freisin go bhfuil fíorú na ráiteas

([47]) Athraíonn na costais cur chun feidhme agus chothabhála d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ag brath ar chineál an réitigh inleabaithe a leagtar amach i dtuarascáil na saineolaithe seachtracha. Dá mbeadh gá saineolas seachtrach a bheith páirteach le heagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh, chosnódh an réiteach is simplí EUR 9 650 ar an meán le haghaidh cur chun feidhme aonuaire tosaigh agus EUR 6 500 breise i gcostais chothabhála in aghaidh na bliana. Tá na costais sin bunaithe ar an gcóras a leabú i dtrí shuíomh gréasáin feachtasaíochta (moltar sa staidéar seachtrach gurb é sin an t-uaslíon i bhfianaise na rioscaí substaintiúla slándála agus cosanta sonraí atá i gceist). Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú líneach ar na costais chothabhála dá mbeadh an réiteach le leabú i níos mó ná trí shuíomh gréasáin. Ní áirítear ar na figiúirí sin na costais forbartha agus chothabhála atá le cumhdach ag an gCoimisiún ná na costais a bhaineann le deimhniú agus iniúchadh ag na Ballstáit le linn na tréimhse bailiúcháin.

([48]) Measadh sa staidéar seachtrach gurbh é EUR 10 000 an costas aonuaire tosaigh a bhain le gach réiteach inleabaithe a dheimhniú, sular cuireadh tús le bailiú na ráiteas tacaíochta. Moladh sa staidéar freisin gur cheart do na húdaráis deimhniúcháin náisiúnta iniúchadh a dhéanamh ar shuíomhanna gréasáin na n-eagraithe agus ar an réiteach leabaithe gach 4 mhí, le linn an phróisis bhailithe 12 mhí. Is é EUR 3 250 an meastachán costais in aghaidh an iniúchta in aghaidh an tsuímh ghréasáin (má dhéanann cuideachta phríobháideach é). I gcás an réitigh níos casta ó thaobh na teicneolaíochta de, moltar gur cheart iniúchadh tráthrialta a dhéanamh ar na cóid, rud a chosnóidh EUR 6 500 eile ar an meán in aghaidh an iniúchta in aghaidh an tsuímh ghréasáin.

tacaíochta a bailíodh trí chóras bailithe ar líne ar leithligh níos casta agus níos fadálaí toisc go bhféadfadh cáilíocht na sonraí a bhailítear a bheith éagsúil. Le deimhniú ó na Ballstáit, thabharfaí isteach freisin riosca maidir le cur chun feidhme neamh-aonfhoirmeach.

Measúnú ón gCoimisiún

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na trí réimse a bhfuil tuairisc orthu thuas agus an méid seo a leanas á bhreithniú: (i) na rioscaí suntasacha slándála agus cosanta sonraí a bhaineann le haon réiteach díláraithe chun ráitis tacaíochta ar líne a bhailiú; (ii) na hualaí substaintiúla agus na costais ghaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann d'eagraithe na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh agus do na riaracháin náisiúnta maidir lena áirithiú go gcomhlíonfar rialacha diana slándála agus cosanta sonraí; agus (iii) córas lárnach a bheith ar fáil lena ráthaítear leibhéil arda slándála agus cosanta sonraí, **tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach tráthúil na córais bhailithe ar líne ar leithligh a thabhairt isteach arís** toisc go mbeadh sé bunoscionn leis an gcuspóir an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a dhéanamh níos inrochtana agus an t-ualach a bhaineann leis a laghdú.

### 3.5. Céim fíorúcháin

Ó bhí 1 Eanáir 2020 ann, tá seacht dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh tar éis dul tríd an nós imeachta fíorúcháin lena gceanglaítear ar údaráis náisiúnta bailíocht na ráiteas tacaíochta a bailíodh óna náisiúnaigh a dheimhniú: 'End the Cage Age'*([49]), 'Eat original! *Unmask your food'**, *'Cohesion policy'**, *'Save bees and farmers!'**, *'Stop finning'*, *'Save cruelty free cosmetics'* agus *'Fur Free Europe'*. I gcás na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh atá cláraithe faoin dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tá sé de cheangal ar na heagraithe na ráitis tacaíochta a bailíodh a aistriú laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse bailiúcháin ([50]). Mar gheall air sin, tá an próiseas fíorúcháin níos intuartha agus chuir sé ar a gcumas d'údaráis na mBallstát a gcuid acmhainní a phleanáil ar bhealach níos fearr chun dul i mbun an phróisis fíorúcháin. Bhí torthaí dearfacha ar an bpróiseas fíorúcháin i gcás sé cinn de na seacht dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh. Níor chuir torthaí an phróisis fíorúcháin ar chumas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh 'Eat original!' na tairseacha riachtanacha a bhaint amach i seacht mBallstát ([51]).

Fíoraíonn na húdaráis inniúla na ráitis tacaíochta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 12(4) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Soláthraíonn an Coimisiún treoraíocht do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme praiticiúil an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, lena n-áirítear an chéim fíorúcháin. Féadfaidh na Ballstáit forálacha cur chun feidhme náisiúnta sonracha a ghlacadh, lena bhféadfar an nós imeachta fíorúcháin a chumhdach freisin. Cuirtear

([49]) * = cláraithe faoin gcéad Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

([50]) Airteagal 12(2) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

([51]) Thug eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh dúshlán do cheann de na cinntí náisiúnta i gcúirt náisiúnta, gan rath.

iad sin in iúl don Choimisiún agus foilsítear iad ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ([52]).

Maidir leis na modheolaíochtaí a úsáideadh le haghaidh fíoraithe, thuairiscigh 14 Bhallstát go ndearna siad **seiceáil uileghabhálach** ar na ráitis tacaíochta uile (BG, CZ, EL, ES, FR, HR, CY, LV, HU, AT, PL, RO, SI agus SK), agus thuairiscigh 11 go raibh fíoruithe déanta acu trí **shampláil randamach** (BE, DK, DE, EE, IE, IT, LT, LU, PT, FI agus SE)([53]). I dtéarmaí an chineáil cláir náisiúnta a úsáidtear don phróiseas fíorúcháin, úsáideann formhór na mBallstát na cláir dhaonra (BE, BG, CZ, DK, DE, EE, IT, CY, LT, LV, LU, HU, AT, PL, PT, RO, SI, SK, FI agus SE ([54]) , agus úsáideann roinnt Ballstát na cláir thoghthóirí (IE, EL, ES, FR agus HR).

In ord laghdaitheach minicíochta, ba iad seo a leanas na neamhrialtachtaí ba choitianta a tháinig chun cinn le linn an fhíoraithe as ar eascair neamhbhailíochtú na ráiteas tacaíochta, mar a thuairiscigh na húdaráis náisiúnta: 1) an easpa mionsonraí céannachta nó botúin eile a chuireann cosc ar údaráis an sínitheoir a shainaithint; 2) ráitis tacaíochta iolracha ón sínitheoir céanna; agus 3) sonraí pearsanta neamhréireacha arna soláthar san fhoirm (lena n-áirítear sonraí atá ar iarraidh ar fhoirmeacha páipéir). D'éascaigh úsáid na seirbhíse malartaithe comhad agus bailiú na ráiteas tacaíochta ar líne an próiseas fíorúcháin. Ar an bhforiomlán, tá na Ballstáit sásta nó an-sásta leis na hábhair threoraíochta a sholáthraíonn an Coimisiún maidir leis an gcóras malartaithe comhad. Thuairiscigh roinnt údarás náisiúnta go bhfuil an próiseas níos réidhe agus níos caighdeánaithe nuair a aistrítear na sonraí go díreach ó lárchóras bailithe ar líne an Choimisiúin.

Sna freagraí a thug siad ar an suirbhé, bhreithnigh eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh go raibh an nós imeachta maidir le fíorú éifeachtach ar an bhforiomlán ach thug siad faoi deara roinnt freagraí moillithe ó na Ballstáit.

### 3.6. Scrúdú agus bearta leantacha

Ó bhí 1 Eanáir 2020 ann, cuireadh **sé** Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ([55]) bailí faoi bhráid an Choimisiúin lena scrúdú, tar éis breis agus 1 mhilliún síniú a bheith bailithe. Thug an Coimisiún freagra ar chúig cinn de na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh sin; tá sé beartaithe an séú freagra a ghlacadh faoin 14 Nollaig 2023. Leis an sprioc-am 3 mhí chun tionscnaimh rathúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([56]), soláthraíodh níos mó cinnteachta do shaoránaigh agus d'institiúidí maidir leis an obair leantach ar thionscnaimh, agus ar an gcaoi sin tugadh aghaidh ar shaincheist a thagann chun cinn arís agus arís eile i ndáil le cur chun

([52]) https://citizens-initiative.europa.eu/how-it-works/implementation-national-level_ga

([53]) Níor thuairiscigh na húdaráis ábhartha sonraí le haghaidh na hÍsiltíre ná Mhálta.

([54]) Chuir an Phortaingéil tic le 'cláir eile' agus thagair sí do 'bhunachar sonraí um shainaithint shibhialta' atá comhshamhlaithe i gclár daonra chun críocha na tuarascála seo.

([55]) Trí cinn cláraithe faon gcéad Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, agus trí cinn cláraithe faoin dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

([56]) Airteagal 13 den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh.

feidhme an chéad Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh mar a sainaithníodh é sna tuarascálacha ó 2015 agus 2018 ([57]).

1) **'Minority Safepack – One million signatures for diversity in Europe'([58])**

Iarradh sa Tionscnamh ó na Saoránaigh sin go nglacfaí sraith gníomhartha dlí chun feabhas a chur ar chosaint daoine ar de mhionlaigh náisiúnta agus teanga iad agus chun éagsúlacht chultúrtha agus teanga a neartú san Aontas. Chuir na heagraithe an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh faoi bhráid an Choimisiúin an 10 Eanáir 2020, tar éis dóibh 1 128 422 ráiteas tacaíochta bailí a bhailiú agus na tairseacha riachtanacha a bhaint amach in 11 Bhallstát. Bhuail na heagraithe le Leas-Uachtarán an Choimisiúin um Luachanna agus um Thrédhearcacht, Věra Jourová, agus leis an gCoimisinéir um Nuálaíocht, um Thaighde, um Chultúr, um Oideachas agus um an Óige, Mariya Gabriel, an 5 Feabhra 2020. An 15 Deireadh Fómhair 2020, chuir na heagraithe a dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus a thograí i láthair ag éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa. Pléadh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh freisin le linn sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 14 Nollaig 2020. Chuir Parlaimint na hEorpa in iúl go dtacaíonn sí leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh i rún ([59]) a glacadh an 17 Nollaig 2020.

Ghlac an Coimisiún a fhreagra ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh an 14 Eanáir 2021 (Teachtaireacht ón gCoimisiún C(2021) 171 ([60]). Rinne an Coimisiún measúnú ar gach ceann de na naoi dtogra aonair ar a fhiúntas féin, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á gcur san áireamh. Cé nár moladh aon ghníomh dlí eile, cuireadh i dtábhacht go láidir sa fhreagairt ón gCoimisiún gur cheart go bhfeidhmeodh cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta agus na mbeartas atá i bhfeidhm cheana mar shraith chumhachtach beart chun tacú le spriocanna an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Tá faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar chur chun feidhme na ngealltanas sin agus leanann sé de ghníomhaíochtaí beartais a dhéanamh sna réimsí sin ([61]).

I mí Aibreáin 2021, thug eagraithe na dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh caingean le haghaidh neamhnithe in aghaidh Theachtaireacht C(2021) 171 ón gCoimisiún os comhair na

([57]) An Chéad Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh, COM(2015) 145 final: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/api/files/COM(2015)145_0/de00000000349456?rendition=false; An Dara Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh 211/2011 maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh, COM(2018) 157 final: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52018DC0157

([58]) https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2017/000004_ga

([59]) https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2020-0370_GA.html

([60]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Minority SafePack - one million signatures for diversity in Europe', C(2021) 171 final: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/api/files/C(2021)171_0/de00000000036104?rendition=false

([61]) Foilsítear nuashonruithe ar na gníomhaíochtaí leantacha go tráthrialta ar leathanach an tionscnaimh i gclár an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13762-Review-of-the-scope-and-third-country-regime-of-the-Benchmark-Regulation_ga.

Cúirte Ginearálta. Ina breithiúnas an 9 Samhain 2022 ([62]), dhiúltaigh an Chúirt d'iarraidh eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh. Chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh a oibleagáid comhlíonta ag an gCoimisiún agus é ag breithniú, tráth na Teachtaireachta, nach raibh aon ghníomh dlí breise riachtanach chun na cuspóirí atá á saothrú ag an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a bhaint amach mar gheall ar na tionscnaimh atá déanta cheana ag institiúidí an Aontais sna réimsí a chumhdaítear leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus faireachán an Choimisiúin ar a gcur chun feidhme. Chuir eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh achomharc in aghaidh an bhreithiúnais sin faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais an 21 Eanáir 2023 (cás C-26/23 P).

**2) 'End the Cage Age'([63])**

D'iarr an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh sin go ndéanfaí **aistriú chuig córais feirmeoireachta níos eiticiúla agus níos inbhuanaithe**, lena n-áirítear athbhreithniú ar rialacha an Aontais atá ann cheana maidir le leas ainmhithe. Cuireadh an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh faoi bhráid an Choimisiúin an 2 Deireadh Fómhair 2020, tar éis dóibh 1 397 113 ráiteas tacaíochta bailí a bhailiú agus na tairseacha riachtanacha a bhaint amach in 18 mBallstát. Bhuail eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh le Leas-Uachtarán an Choimisiúin um Luachanna agus um Thrédhearcacht, Věra Jourová, agus leis an gCoimisinéir um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Stella Kyriakides, an 30 Deireadh Fómhair 2020. Tharla éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa an 15 Aibreán 2021. Pléadh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh freisin le linn sheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 10 Meitheamh 2021. Chuir Parlaimint na hEorpa in iúl go dtacaíonn sí leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh i rún ([64]) a glacadh an lá céanna.

Ghlac an Coimisiún a fhreagra ([65]) ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh an 30 Meitheamh 2021. D'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige togra reachtach a ghlacadh, faoi dheireadh 2023, chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid córas cásanna le haghaidh na n-ainmhithe uile a luadh sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus ar deireadh é a chosc, faoi choinníollacha a chinnfear ar bhonn tuairimí ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus ar bhonn torthaí measúnaithe tionchair agus comhairliúcháin phoiblí. Tá measúnú cúramach á dhéanamh ag an gCoimisiún anois ar ghnéithe tábhachtacha chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig feirmeoireacht atá saor ó chásanna inbhuanaithe don earnáil talmhaíochta agus dár gcórais bhia, an tslándáil bhia ina measc. Léiríonn réamhthorthaí an mheasúnaithe tionchair leanúnaigh go n-éilítear leis an aistriú chuig córais atá saor ó chásanna go gcuirfear roinnt paraiméadar feirmeoireachta in oiriúint, cuir i gcás timpeallacht na

([62]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 9 Samhain 2022, *Citizens' Committee of the European Citizens' Initiative 'Minority SafePack – one million signatures for diversity in Europe' v An Coimisiún Eorpach*, T-158/21, EU:T:2022:696: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/?uri=CELEX:62021TJ0158

([63]) https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2018/000004_ga

([64]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meitheamh 2021 maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh *'End the cage age'* (2021/2633(RSP)): https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0295_GA.html

([65]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'End the Cage Age', C(2021) 4747 final: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/api/files/C(2021)4747_0/090166e5df30600f?rendition=false

n-ainmhithe a shaibhriú, agus níos mó spáis a chur ar fáil dóibh, chun dálaí leasa níos fearr a chinntiú do na hainmhithe. Tá gá le tuilleadh comhairliúchán maidir leis na costais, fad iomchuí na hidirthréimhse agus na bearta ábhartha tráth an allmhairiúcháin. Chun cothromaíocht chuí a áirithiú idir leas ainmhithe agus tionchair shocheacnamaíocha, an deireadh a chur le húsáid cásanna de réir a chéile, ní mór sin a dhéanamh i gcomhar le bearta eile maidir le leas ainmhithe ar leibhéal na feirme. Dá bhrí sin, leanfar den obair ullmhúcháin, lena n-áirítear i gcomhthéacs an idirphlé straitéisigh maidir le todhchaí na talmhaíochta san Aontas.

### 3) ***‘Save bees and farmers!* Towards a bee-friendly agriculture for a healthy environment’**(66)

Leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh sin, iarradh ar an gCoimisiún togra a chur isteach chun deireadh a chur de réir a chéile le lotnaidicídí sintéiseacha faoi 2035, chun an bhithéagsúlacht a athbhunú agus chun tacú le feirmeoirí le linn na hidirthréimhse. Chuir na heagraithe an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh faoi bhráid an Choimisiúin an 7 Deireadh Fómhair 2022, tar éis dóibh 1 054 973 ráiteas tacaíochta bailí a bhailiú agus na tairseacha riachtanacha a bhaint amach in 11 Bhallstát. Bhuail eagraithe na dTionscnamh Eorpaigh ó na Saoránaigh le Leas-Uachtarán an Choimisiúin um Luachanna agus um Thrédhearcacht, Věra Jourová, agus leis an gCoimisinéir um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Stella Kyriakides, an 25 Samhain 2022. Tharla éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa an 24 Eanáir 2023. Pléadh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 16 Márta 2023, ach níor glacadh aon rún. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh sin an 14 Nollaig 2022 (67).

Ghlac an Coimisiún a fhreagra (68) ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh an 5 Aibreán 2023. Chuir sé fáilte roimh an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh agus d’aithin sí a thábhachtaí atá sé, go háirithe i gcomhthéacs na ngéarchéimeanna idirnasctha a bhaineann leis an athrú aeráide, leis an truailliú agus le cailliúint bithéagsúlachta. Chuir an Coimisiún i bhfios go láidir gurb é an tosaíocht atá ann a áirithiú go ndéanfar na tograí atá á gcaibidliú faoi láthair ag na comhreachtóirí a ghlacadh in am agus a chur chun feidhme ina dhiaidh sin**,** mar aon le cur chun feidhme éifeachtach an comhbheartais talmhaíochta.

### 4) **‘Stop finning – Stop the trade’**(69)

D’iarr an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh sin ar an gCoimisiún togra a chur isteach ‘chun deireadh a chur le trádáil eití siorca san Aontas, lena n-áirítear allmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras eití mura rud é go bhfuil siad ceangailte go nádúrtha le corp an ainmhí.’ Chuir na heagraithe an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh faoi bhráid an Choimisiúin an 11 Eanáir 2023, tar éis dóibh 1 119 996 ráiteas tacaíochta bailí a bhailiú agus na tairseacha

(66) https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2019/000016_ga

(67) https://www.eesc.europa.eu/en/our-work/opinions-information-reports/opinions/european-citizens-initiative-save-bees-and-farmers

(68) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ‘Save bees and farmers! Towards a bee-friendly agriculture for a healthy environment’, C(2023) 2320 final: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=C(2023)2320&lang=ga

(69) https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2020/000001_ga

riachtanacha a bhaint amach in 15 Bhallstát. Bhuail eagraithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh leis an gCoimisinéir Eorpach um Chomhshaol, um na hAigéin agus um an Iascach, Virginijus Sinkevičius, an 6 Feabhra 2023. Tharla éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa an 27 Márta 2023. Pléadh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le linn díospóireacht iomlánach an 11 Bealtaine 2023, ach níor glacadh aon rún.

Ghlac an Coimisiún a fhreagra ([70]) ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh an 5 Iúil 2023. Chuir sé fáilte roimh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus gheall sé go ndéanfadh sé measúnú tionchair ar na hiarmhairtí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an mbeartas 'fíneálacha ceangailte go nádúrtha' a chur i bhfeidhm maidir le siorcanna a chur ar an margadh san Aontas agus scrúdú a dhéanamh ar na modhanna dlíthiúla is fearr chun faisnéis níos mionsonraithe a iarraidh d'fhonn staidreamh ábhartha a fheabhsú. Cuirfidh an Coimisiún dlús freisin le forfheidhmiú bhearta inrianaitheachta an Aontais agus rachaidh sé i dteagmháil le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

**5) 'Save cruelty free cosmetics – Commit to a Europe without animal testing'([71])**

D'iarr an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh sin ar an gCoimisiún togra a chur isteach chun neartú agus leathnú a dhéanamh ar na toirmisc AE atá ann cheana ar thástáil ar ainmhithe le haghaidh cosmaidí agus ar mhargú comhábhar a thástáiltear ar ainmhithe; agus togra reachtach a ghlacadh lena leagfaí amach treochlár chun deireadh a chur de réir a chéile le tástáil uile ar ainmhithe roimh dheireadh théarma oifige reatha an Choimisiúin. Chuir na heagraithe an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh faoi bhráid an Choimisiúin an 25 Eanáir 2023, tar éis dóibh 1 217 916 ráiteas tacaíochta bailí a bhailiú agus na tairseacha riachtanacha a bhaint amach in 21 Bhallstát. An 17 Márta 2023, bhuail eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh le Leas-Uachtarán an Choimisiúin um Luachanna agus um Thrédhearcacht, Věra Jourová, agus leis an gCoimisinéir um Mhargadh Inmheánach, Thierry Breton. D'eagraigh Parlaimint na hEorpa éisteacht phoiblí ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh sin an 25 Bealtaine 2023. Pléadh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le linn díospóireacht iomlánach an 10 Iúil 2023, ach níor glacadh aon rún.

Ghlac an Coimisiún a fhreagra ([72]) ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh an 25 Iúil 2023. Chuir sé fáilte roimh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus d'admhaigh sé go bhfuil leas ainmhithe fós ina ábhar mór imní do shaoránaigh den Aontais, agus chuir sé i dtábhacht ról ceannasach an Aontais maidir le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid ainmhithe i dtástáil agus i bhfeabhsú leasa ainmhithe i gcoitinne. Léirítear an ról sin go háirithe sa toirmeasc foriomlán ar thástáil ar ainmhithe le haghaidh cosmaidí atá i bhfeidhm san Aontas ó bhí 2013 ann. Ina theannta sin, d'fhógair an Coimisiún go seolfadh sé treochlár nua ina mbeidh tacar gníomhaíochtaí reachtacha agus neamhreachtacha chun tástáil ar ainmhithe a laghdú a

([70]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh 'Stop finning – Stop the Trade': C(2023) 4489 final: https://citizens-initiative.europa.eu/sites/default/files/2023-07/C_2023_4489_1_EN.pdf

([71]) https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2021/000006_ga

([72]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh 'Save cruelty free cosmetics - Commit to a Europe without animal testing' C(2023) 5041 final: https://citizens-initiative.europa.eu/sites/default/files/2023-07/C_2023_5041_EN.pdf

thuilleadh, agus é d'aidhm aige aistriú sa deireadh thiar chuig córas rialála atá saor ó ainmhithe faoi reachtaíocht ceimiceán (e.g. REACH, Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, an Rialachán maidir le Táirgí Cosanta Plandaí agus reachtaíocht maidir le táirgí íocshláinte daonna agus tréidliachta) agus leanúint de bheith ag tacú go láidir le roghanna malartacha ar thástáil ar ainmhithe. Luaigh an Coimisiún go leanfadh sé de thacaíocht láidir a thabhairt do thaighde maidir le roghanna malartacha ar thástáil ainmhithe a fhorbairt agus go bhféachfadh sé an bhféadfaí gníomhaíochtaí na mBallstát sa réimse sin a chomhordú.

**6) 'Fur Free Europe'(73)**

D'iarr an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh sin ar an gCoimisiún togra a chur isteach chun toirmeasc uile-Aontais a thabhairt isteach ar ainmhithe a choinneáil agus a mharú chun fionnadh a tháirgeadh, chomh maith le fionnadh ainmhithe feirmshaothraithe, agus táirgí a bhfuil fionnadh den sórt sin iontu, a chur ar mhargadh an Aontais. Chuir na heagraithe an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Meitheamh 2023, tar éis dóibh 1 502 319 ráiteas tacaíochta bailí a bhailiú agus na tairseacha riachtanacha a bhaint amach in 18 mBallstát. An 20 Iúil 2023, bhuail eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh le Leas-Uachtarán an Choimisiúin um Luachanna agus um Thrédhearcacht, Věra Jourová, agus leis an gCoimisinéir um Shláinte agus Sábháilteacht Bia, Stella Kyriakides, chun cuspóirí a dTionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chur i láthair. D'eagraigh Parlaimint na hEorpa éisteacht phoiblí ar an tionscnamh sin an 12 Deireadh Fómhair 2023 agus tharla díospóireacht iomlánach an 19 Deireadh Fómhair 2023, ach níor glacadh aon rún.

Glacfaidh an Coimisiún a fhreagra faoin 14 Nollaig 2023.

**Aiseolas ó eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a ghlac páirt sa suirbhé**

Bhí eagraithe na dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar éirigh leo agus a ghlac páirt sa suirbhé dearfach nó neodrach den chuid is mó maidir le soiléireacht an nós imeachta le linn chéim an scrúdaithe agus bhí siad sásta, ar an bhforiomlán, leis na deiseanna a tugadh dóibh a dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chur i láthair le linn an chruinnithe leis an gCoimisiún agus le linn na héisteachta poiblí i bParlaimint na hEorpa. Bhreithnigh siad freisin gur mhínigh an Coimisiún ar bhealach soiléir, sothuigthe agus mionsonraithe na cúiseanna leis an ngníomhaíocht a bhí beartaithe aige mar fhreagairt ar a dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar éirigh leis.


### 3.7. Trédhearcacht - cistiú

Le hAirteagal 17 den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, ceanglaítear ar eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh faisnéis chuimsitheach a sholáthar faoi fhoinsí aon chistithe agus tacaíochta comhchineáil don Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar fiú níos mó ná EUR 500 in aghaidh an urraitheora iad. Léiríonn an fhaisnéis a soláthraíodh go bhfuil méadú tagtha ar na cistí a tiomsaíodh chun tacú le Tionscnaimh

(73) https://citizens-initiative.europa.eu/initiatives/details/2022/000002_ga

Eorpacha ó na Saoránaigh le **dhá** Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ([74]) a bhailigh **níos mó ná EUR 1 mhilliún** (shroich an dá cheann an tairseach 1 mhilliún síniú) agus thuairiscigh ocht dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh eile ([75]) cistiú os cionn EUR 100 000 (shroich ceithre cinn de na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh sin an tairseach 1 mhilliún síniú).

**Cairt 2: dáileadh na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh de réir cistithe**




### 3.8. Sonraí pearsanta a chosaint

Leis an Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tá simpliú déanta ar bhainistíocht na sonraí pearsanta a bhailítear le linn Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a reáchtáil.

Ar an gcéad dul síos, laghdaíodh agus comhchuibhíodh ar fud na 27 mBallstát na sonraí pearsanta nach mór do shaoránaigh a sholáthar chun tacú le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh agus **gan ach dhá thacar sonraí ar féidir le húdaráis náisiúnta a roghnú**: 1) céadainmneacha, ainmneacha teaghlaigh, dáta breithe, agus seoladh; nó 2) céadainmneacha, ainmneacha teaghlaigh agus uimhir aitheantais phearsanta (doiciméid). Is gá tacar íosta sonraí pearsanta ó shínitheoirí a sholáthar le go mbeidh na Ballstáit in ann bailíocht na ráiteas tacaíochta a fhíorú i mbunachair shonraí náisiúnta amhail cláir thoghcháin nó dhaonra. Cé gur iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí na ceanglais maidir le sonraí a shimpliú tuilleadh, dheimhnigh comhairliúchán leis na Ballstáit go bhféadfadh simpliú den sórt sin a gcumas ráitis tacaíochta a fhíorú leis an leibhéal muiníne is gá a chur i mbaol.

Chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh a thuiscint go héasca conas a dhéantar a gcuid sonraí pearsanta a bhainistiú i bpróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus conas is féidir leo rochtain a fháil ar fhaisnéis bhunriachtanach maidir le próiseáil a gcuid sonraí, forbraíodh

([74]) Na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh 'Save cruelty free cosmetics'; agus 'Fur Free Europe'.

([75]) Na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh 'Minority SafePack', 'Stop Extremism', 'End the Cage Age', 'Save bees and farmers', 'Ban Fossil Fuel Advertising and Sponsorships', 'End The Slaughter Age', 'Good Clothes. Fair Pay' agus 'Protect the EU's Rural Heritage, Food Security and Supply'.

ráitis phríobháideachais ([76]) lena gcumhdaítear na hoibríochtaí próiseála éagsúla agus foilsíodh freagraí ar cheisteanna coitianta ([77]).

Ar an dara dul síos, agus an t-aistriú chuig an lárchóras bailithe ar líne agus córas slán aistrithe sonraí á sholáthar ag an gCoimisiún, tá an Coimisiún freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar na sonraí pearsanta uile a bhailítear ar líne tríd an gcóras sin. Ligeann modúl tiomnaithe maidir le rialaitheoirí sonraí don Choimisiúin a dhualgais mar rialaitheoir sonraí a chomhlíonadh agus freagairt go mear agus go héifeachtach d'iarrataí ó ábhair sonraí. Dá bhrí sin, tá **freagrachtaí agus dliteanas eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh teoranta** do shonraí pearsanta a bhailítear ar ráitis tacaíochta ar pháipéar.

Tá **treoraíocht mhionsonraithe maidir le cosaint sonraí d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh** ([78]) curtha ar fáil chun cuidiú leo le comhlíonadh cosanta sonraí. Mínítear sa treoraíocht na príomhphrionsabail agus na príomhthéarmaí chomh maith le hoibleagáidí eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ina gcáil mar rialaitheoirí nó mar rialaitheoirí comhpháirteacha agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu le linn phróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

Bhreithnigh formhór d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a ghlac páirt sa suirbhé go raibh na rialacha maidir le cosaint sonraí an-soiléir agus éifeachtach, agus thuairiscigh siad nach raibh aon deacracht acu iad a chomhlíonadh. Luaigh roinnt eagraithe an drogall ar na saoránaigh na sonraí pearsanta is gá a sholáthar mar cheann de na dúshláin le linn chéim an bhailithe. Chun measúnú a dhéanamh ar thuairimí na saoránach, áiríodh an t-ábhar sin sna suirbhéanna do shaoránaigh agus d'úsáideoirí an lárchórais bhailithe ar líne. Níor luaigh ach líon beag freagróirí ar shuirbhé na saoránach nár theastaigh uathu a gcuid sonraí pearsanta a roinnt chun tacú le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Bhí formhór na saoránach a shínigh Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh trí úsáid a bhaint as córas an Choimisiúin agus a rinne an suirbhé scoir muiníneach as slándáil na sonraí a sholáthair siad tríd an gcóras agus mheas formhór na bhfreagróirí gur údar faoisimh acu go raibh an Coimisiún (agus ní eintiteas eile) ag bailiú agus ag stóráil a gcuid sonraí pearsanta. Ar an taobh eile, rinne roinnt freagróirí ar an suirbhé scoir (17 %) a leibhéal muiníne a rátáil faoi bhun 5 as 10, rud a léiríonn go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochtaí múscailte feasachta ag an gCoimisiún maidir leis na bearta atá i bhfeidhm chun ardleibhéal cosanta sonraí pearsanta a áirithiú.

### 3.9. Faisnéis agus múscailt feasachta ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit

I gcomhréir le hAirteagail 4 agus 18 den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tá an feachtas cumarsáide ilteangach de chuid AE '*Take the Initiative*' [Tapaigh an Tionscnamh] curtha ar bun ag an gCoimisiún chun feasacht a mhúscailt maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a bheith ann, agus maidir le cuspóirí agus feidhmiú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh trí raon leathan gníomhaíochtaí. Baineann an feachtas

([76]) Beartas príobháideachais: https://citizens-initiative.europa.eu/how-it-works/privacy-policy_ga

([77]) CEISTEANNA COITIANTA: https://citizens-initiative.europa.eu/how-it-works/faq_ga#Cosaint-sonrai

([78]) Cosaint sonraí: https://citizens-initiative.europa.eu/how-it-works/data-protection_ga

úsáid fhorleathan as teicneolaíochtaí digiteacha agus as na meáin shóisialta chomh maith le tacaíocht ó Ionadaíochtaí an Choimisiúin sna Ballstát uile.

**Gníomhaíochtaí fheachtas cumarsáide an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh**

- Mar aon le **suíomh gréasáin ilteangach an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ([79])**, soláthraítear faisnéis faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh tríd an méid seo a leanas: **nuachtlitir mhíosúil an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ([80])** (atá le fáil i dteangacha uile an Aontais trí aistriúchán uathoibríoch); **feachtais ar na meáin shóisialta ar fud AE27**; láithreacht **ag féilte na n-óg/an daonlathais ar an leibhéal náisiúnta**; **caidreamh leis na meáin, seimineáir ghréasáin** agus seisiúin faisnéise don phobal i gcoitinne nó d'éascaitheoirí a chuidíonn le faisnéis a scaipeadh ar an leibhéal náisiúnta; agus **sraith podchraoltaí ([81])**.
- Is príomh-spriocghrúpa iad **daoine óga**. I mí an Mheithimh 2023, seoladh **sraith straitéisí oideachais ilteangaigh ([82])** lenar ceadaíodh do mhúinteoirí daltaí a mhealladh sna blianta deireanacha den mheánoideachas i bpléití agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le saoránacht ghníomhach AE agus leis na huirlisí atá le fáil ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Bíonn **comórtas físeáin ([83]) do na mic léinn ag gabháil leis**, a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2023.
- Cruthaíodh **líonra ambasadóirí agus éascaitheoirí** chun teachtaireachtaí a scaipeadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Áirítear ann na **pointí teagmhála náisiúnta ([84])**, **Ambasadóirí na dTionscnamh Eorpaigh ó na Saoránaigh ([85])** (a dhéanann ionadaíocht ar eagraíochtaí sochaí sibhialta den chuid is mó), lárionaid Europe Direct ([86]) agus **institiúidí agus comhpháirtithe eile de chuid an Aontais Eorpaigh**.

Áirithíonn an Coimisiún freisin go gcuirtear an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh chun cinn ar Lá Oscailte an Choimisiúin ([87]) go luath i mí na Bealtaine gach bliain agus in imeachtaí a eagraíonn institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail Lá an Tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh ([88]), Seachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha ([89]) agus an Cruinniú

([79]) https://citizens-initiative.europa.eu/_ga

([80]) https://ec.europa.eu/newsroom/ecif/newsletter-archives/view/service/1501

([81]) https://citizens-initiative.europa.eu/news/citizencentral-podcast_ga

([82]) https://citizens-initiative.europa.eu/schools/eci-educational-toolkit_ga

([83]) https://citizens-initiative.europa.eu/schools/video-competition_ga

([84]) https://citizens-initiative.europa.eu/contact-points-national-level_ga

([85]) https://citizens-initiative.europa.eu/spread-word/eci-ambassadors_ga

([86]) https://european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga

([87]) https://europeday.europa.eu/european-commission-2023_ga

([88]) https://www.eesc.europa.eu/en/agenda/our-events/events/eci-day-2023

([89]) https://regions-and-cities.europa.eu/

Eorpach um an Óige ([90]). Sa ráithe dheireanach de 2023, tá feachtas cumarsáide á chur i gcrích ag an gCoimisiún freisin chun **comóradh 30 bliain ar Shaoránacht AE** a cheiliúradh, chun feasacht agus tuiscint a ardú tuilleadh i measc shaoránaigh den Aontais maidir lena gcearta; tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar cheann de na cearta arna gcumhdach ag an bhfeachtas.

Rannchuidíonn institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh freisin le feasacht ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a ardú — go háirithe Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa trí Lá bliantúil an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus Parlaimint na hEorpa le linn éisteachtaí agus díospóireachtaí sa suí iomlánach maidir le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh.

Bhí tionchar ag an **bpaindéim COVID-19 in 2020-2021** agus fócas poiblí ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh **na hÚcráine** in 2022, ach mar sin féin bhí an fheidhmíocht go maith, agus **treochtaí dearfacha** ann maidir le trácht chuig shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh([91]) (méadaithe níos mó ná dhá oiread ó bhí 2020 ann); síntiúis le nuachtlitir an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh (130 000, arb é sin méadú faoi shé ó bhí 2020 ann) agus tionchar na bhfeachtas ar na meáin shóisialta (os cionn 130 milliún teachtaireacht feachtais ar taispeáint ó bhí 2020 ann).

D’ainneoin na treochtaí dearfacha agus an réimse leathan gníomhaíochtaí atá á ndéanamh, breithníonn páirtithe leasmhara éagsúla (saoránaigh, eagraithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha, institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh) nach bhfuil dóthain feasachta ag an bpobal ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Tuairiscíonn na heagraithe gur dúshlán tábhachtach é easpa feasachta an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus ráitis tacaíochta á mbailiú acu agus tuairiscíonn na saoránaigh gurb é sin an phríomhchúis nár thacaigh siad le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh. An tráth céanna, tá raon leibhéil feasachta shaoránaigh an Aontais ar fud an Aontais (arna thomhas le dhá shraith Eorabharaiméadair ina dhiaidh sin ([92])) idir 41 % in 2021 agus 64 % in 2023 ([93]).

## Pointí teagmhála náisiúnta

I gcomhréir le hAirteagal 4(6) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, tá pointe teagmhála náisiúnta amháin nó níos mó bunaithe ag gach Ballstát ([94]) chun faisnéis agus cúnamh saor in aisce a sholáthar d’eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh. Coinníonn an Coimisiún na pointí teagmhála náisiúnta ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus soláthraíonn sé ábhair i dteangacha uile an Aontais lena ndáileadh ar an lucht féachana náisiúnta. Thuairiscigh na Ballstáit ina bhfreagraí suirbhé go soláthraíonn formhór na bpointí teagmhála faisnéis ar a

([90]) https://european-youth-event.europarl.europa.eu/en/

([91]) https://citizens-initiative.europa.eu/_ga

([92]) Bunaithe ar agallaimh le sampla ionadaíoch de shaoránaigh atá 15 bliana d’aois nó níos sine, i ngach ceann de 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh.

([93]) Flais Eorabharaiméadar 528 ‘Saoránacht agus daonlathas’ (2023)

([94]) https://europa.eu/citizens-initiative/contact-points-national-level_ga

suíomhanna gréasáin agus go dtugann siad freagra ar iarrataí ó shaoránaigh nó ó na meáin. Glacann roinnt acu cur chuige réamhghníomhach freisin agus úsáideann siad raon níos leithne bealaí cumarsáide agus gníomhaíochtaí chun saoránaigh a chur ar an eolas. Léiríonn torthaí an tsuirbhé chéanna go bhfuil an fhaisnéis agus an doiciméadacht ar fad ag na pointí teagmhála a theastaíonn uathu chun a ról a chomhlíonadh go muiníneach. Soláthraíonn an Coimisiún deiseanna dóibh taithí a mhalartú agus dea-chleachtais a roinnt.

**3.10. Treoraíocht agus tacaíocht d'eagraithe**

Mar a comhaontaíodh le linn athchóiriú 2019 ar an Tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, cuireadh tacaíocht shubstaintiúil chomhchineáil ar fáil d'eagraithe tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh i bhfoirm an lárchórais bhailithe ar líne atá saor in aisce le húsáid (agus tacaíocht ghaolmhar TF a chuir an Coimisiún ar fáil); treoraíocht, oiliúint agus comhairleoireacht dhlíthiúil trí Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh (arna mbainistiú ag an gCoimisiún trí chonraitheoir seachtrach); agus gníomhaíochtaí méadaithe chun feasacht a mhúscailt maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, rud a chuireann chun cinn go hindíreach Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh atá ag dul ar aghaidh i gcónaí freisin.

**Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh**

I gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, cuireann an Coimisiún ar fáil, saor in aisce, ardán comhoibríoch ar líne don Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, lena soláthraítear comhairleoireacht phraiticiúil agus dhlíthiúil, agus fóram plé chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú. Chuir an Coimisiún bainistíocht an ardáin sin (Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ([95])) ar fochonradh chuig soláthraí seirbhíse seachtrach tar éis tairiscint oscailte.

Sa suirbhé tiomnaithe a rinne siad, bhí aiseolas ó eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh dearfach ar an bhforiomlán maidir leis an gcomhairle a thug Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ag céimeanna éagsúla de phróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, lena n-áirítear le linn an nós imeachta clárúcháin dhá chéim (tráth is gá dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a n-aighneacht tosaigh) agus le linn chéim an bhailithe. Tá úsáid fhorleathan bainte ag eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh as ábhair foghlama

([95]) https://citizens-initiative-forum.europa.eu/_ga

an Fhóraim roimh chlárú agus rátáil ard déanta acu ar na seimineáir ghréasáin, ar na blaganna, ar an gcúrsa ar líne agus ar an gcumas baill eile dá ngrúpa a chuardach.

**Gníomhaíochtaí Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh**


- Cuireann Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh réimse leathan **ábhar foghlama** ar fáil chun cuidiú le saoránaigh Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a ullmhú agus a reáchtáil (nótaí treorach, scéalta ratha, etc.); **seimineáir ghréasáin**; **cúrsa ar líne**; agus **cuir i láthair** ag ollscoileanna agus imeachtaí.
- Eagraíonn sé freisin, faoi threoraíocht an Choimisiúin, **comhairliúchán le páirtithe leasmhara** maidir le gnéithe éagsúla de chur chun feidhme an Fhóraim agus d’fheidhmiú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh chun feabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil d’eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh.

### 3.11. Taithí na n-eagraithe ar an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

Deir formhór na n-eagraithe a ndearnadh suirbhé orthu gur chuir siad tús lena n-aistear maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh **de bharr spéis phearsanta i gcúis ar chreid siad gur cheart aghaidh a thabhairt uirthi ar leibhéal an Aontais Eorpaigh**. Chuir aon trian de na freagróirí ar an suirbhé tús le Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh mar thoradh ar **spéis ghairmiúil nó acadúil** – lena n-áirítear, i gcás amháin, mar fhreagra ar Thionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh eile (‘freagairt ar an bhfíoras nach bhfuil aon bhealach ann chun síniú in aghaidh Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh’). Luann roinnt freagróirí naisc le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a bhí ann roimhe seo. Rinne leath d’fhreagróirí an tsuirbhé iniúchadh roimhe seo ar uirlisí eile (e.g. achainíocha ar an leibhéal náisiúnta nó ar Pharlaimint na hEorpa) ach bhreithnigh siad nár éirigh leo a spriocanna a bhaint amach go leordhóthanach. Roghnaíodh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh toisc go raibh **tionchar polaitiúil** níos mó aige (‘toisc go bhfuil iallach ar an gCoimisiún freagra a thabhairt’), ba ‘thacaíocht láidir é do straitéisí abhcóideachta agus chun níos mó dlisteanachta a thabhairt don fheachtas’ nó mar gheall ar a **ghné uile-Aontais**. Dúirt eagraí Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh amháin go ndearna sé uainiú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a phleanáil go cúramach ionas go bhféadfaí é a chur san áireamh in athbhreithniú a bhí beartaithe ar an reachtaíocht ábhartha.

Breithníonn formhór na bhfreagróirí gur **taithí fhiúntach é Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh** toisc go raibh siad gar dá spriocanna tosaigh maidir le ceann amháin ar a laghad nó níos mó de na cuntais a luaitear sa suirbhé (féach Cairt 3). Maidir leis an méid a bhain siad amach tríd an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, thug na heagraithe na scóir is airde don fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil; feasacht a mhúscailt faoin gcúis is spéis leo; tús a chur le díospóireacht maidir le hábhar a dTionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh; agus líonra comhpháirtithe a bhunú d’fhonn comhar fadtéarmach a bhaint amach.

**Cairt 3: tuairimí na n-eagraithe maidir lena spriocanna tosaigh a bhaint amach**




## 4. TIONCHAR PHAINDÉIM COVID-19

Bhí tionchar nach raibh a leithéid ann riamh ag paindéim COVID-19 ar na Ballstát agus a saoránaigh. De dheasca na mbeart náisiúnta i dtaobh leithlisithe agus, ar bhealach níos ginearálta, uileláithreacht na paindéime, bhí sé beagnach dodhéanta d’eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh leanúint dá ngníomhaíochtaí áitiúla feachtasaíochta agus de ráitis tacaíochta a bhailiú ar pháipéar, nithe a bhí riachtanach chun an tacaíocht ba ghá a fháil laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag. Mar fhreagairt ar na himthosca eisceachtúla agus chun éifeachtúlacht ionstraim an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chaomhnú le linn na paindéime, ghlac institiúidí an Aontais bearta sealadacha go pras (i bhfoirm Rialachán (AE) 2020/1042 ([96])), amhail síneadh a chur leis na tréimhsí bailiúcháin le haghaidh Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a ndearnadh difear dóibh; síneadh a chur leis na tréimhsí fíorúcháin agus scrúdúcháin d’údaráis inniúla náisiúnta agus d’institiúidí an Aontais faoi seach; agus socruithe sonracha do chruinniú an Choimisiúin le heagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh agus don éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa.

([96]) Rialachán (AE) 2020/1042 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leagtar síos bearta sealadacha maidir leis na teorainneacha ama le haghaidh na gcéimeanna bailiúcháin, fíorúcháin agus scrúdúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/788 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh i bhfianaise ráig COVID-19 (IO L 231, 17.7.2020, lch. 7-11).

I gcomhar leis na gníomhartha cur chun feidhme ina dhiaidh sin ([97]), chuir na bearta sealadacha a gcuspóir i gcrích. De bharr na mbeart sealadach sin, **tugadh síntí** do **12** Thionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh suas go dtí 12 mhí chun sínithe a bhailiú agus bhí 3 cinn dóibh siúd ([98]) dá bhrí sin in ann na tairseacha riachtanacha a bhaint amach. Ina theannta sin, dheonaigh an Coimisiún do Bhallstát amháin arna iarraidh sin dó síneadh a chur leis an sprioc-am chun a oibleagáidí fíorúcháin a chur i gcrích.

Ní raibh an tionchar céanna ag paindéim COVID-19 ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh uile ar thug a n-ionadaithe freagra ar an suirbhé ina leith. I gcás na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a raibh tionchar suntasach orthu, measadh go raibh na bearta seo a leanas ar na bealaí is éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19 : síneadh a chur le sprioc-amanna chun sínithe a bhailiú; bonneagar ar líne a bheith ar fáil chun Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a reáchtáil; agus an t-aistriú chuig gníomhaíochtaí ar líne a d’fhág gur fusa an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a chur chun cinn.

## 5. AN BEALACH AR AGHAIDH

Chuir paindéim COVID-19 isteach go mór ar fheidhmiú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh le linn an chéad 2 bhliain de chur i bhfeidhm an dara Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Mar a thuairiscítear thuas, chruthaigh na bearta sealadacha a n-éifeachtacht i bhfianaise na n-imthosca urghnácha agus bhí an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh in ann a ghnáthfheidhmiú a atosú a luaithe a cuireadh deireadh leis na bearta sriantacha. Is féidir forbairtí dearfacha éagsúla a thabhairt faoi deara cheana féin, ach breithníonn an Coimisiún nach féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar iomlán na rialacha athbhreithnithe ach amháin i gcaitheamh tréimhse níos faide de chur i bhfeidhm faoi ghnáthchúinsí.

Bunaithe ar an measúnú ar chur i bhfeidhm an dara Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a cuireadh i láthair thuas, breithníonn an Coimisiún go soláthraíonn rialacha an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a tugadh isteach in 2020 creat níos inrochtana, is lú ualaí agus níos soláimhsithe d’eagraithe agus do lucht tacaíochta na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh. An tráth céanna, breithníonn an Coimisiún freisin — tar éis dó tuairimí Pharlaimint na hEorpa, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([99]) agus tuairimí eagraithe, shaoránaigh agus pháirtithe leasmhara na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a chur san áireamh — gur féidir tuilleadh feabhsuithe praiticiúla a dhéanamh cheana féin laistigh den chreat dlíthiúil atá ann cheana.

([97]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2200 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020, C/2020/9226; Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/360 ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2021, C/2021/1121; Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/944 ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2021, C/2021/3879. Déantar foráil sna trí chinneadh cur chun feidhme uile maidir le síneadh a chur leis na tréimhsí chun ráitis tacaíochta a bhailiú le haghaidh Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh áirithe de bhun Rialachán (AE) 2020/1042.

([98]) ‘Cohesion Policy’, ‘Save bees and farmers!’ agus ‘Stop Finning – Stop the Trade’.

([99]) Moladh ón nGrúpa ad hoc um Thionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ‘Feidhmiú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh - 2020-2022’: https://www.eesc.europa.eu/sites/default/files/files/ahg_eci_recommendation_on_eci_functionning_2020-2022_3_2.pdf

I bhfianaise an mheasúnaithe thuas agus an rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2023 maidir le cur chun feidhme rialacháin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, cuirfidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí seo a leanas chun feidhme:

**Gníomhaíocht 1: feasacht agus infheictheacht an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a fheabhsú**

Tá sé fíor-riachtanach feasacht na saoránach ar a gcearta a mhéadú ionas go mbeidh siad rannpháirteach go gníomhach agus go héifeachtach i saol daonlathach an Aontais.

- Dá bhrí sin, **leanfaidh an Coimisiún d'fheachtas cumarsáide ilteangach an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chuíchóiriú**, trí úsáid mhéadaithe a bhaint as na meáin shóisialta.
- Tabharfaidh gníomhaíochtaí feachtais tús áite freisin do **dhaoine óga**.
- Iarrfaidh an Coimisiún go gníomhach ar **Pharlaimint na hEorpa (agus ar a hoifigí idirchaidrimh sna Ballstáit) agus ar na Ballstáit (trí na pointí teagmhála náisiúnta) a bheith rannpháirteach san fheachtas cumarsáide**, agus, an tráth céanna, cuirfidh sé fáilte roimh rannchuidiú institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, chomh maith le rannchuidiú na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, na n-institiúidí oideachais agus eagraíochtaí sochaí sibhialta.
- Tar éis na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus iarrachtaí athnuaite an Choimisiúin maidir le rannpháirtíocht na saoránach, tá an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh á chur san áireamh ar an tairseach athchóirithe 'Cloisimis Uait!' – an **'t-ionad ilfhreastail' nua ar líne maidir le rannpháirtíocht na saoránach**, lena soláthraítear deiseanna breise chun an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a dhéanamh níos feiceálaí.
- Rachaidh an Coimisiún i gcomhar leis na pointí teagmhála náisiúnta chun **suíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a chur chun cinn ar na hardáin náisiúnta ábhartha**.

**Gníomhaíocht 2: tacaíocht d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh a neartú**

Aithníonn an Coimisiún go n-éilítear am, acmhainní, tiomantas agus buanseasmhacht chun Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a bhunú agus a bhainistiú. Dá bhrí sin, neartóidh sé a thacaíocht d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh.

- Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh go díreach nó go hindíreach trí roinnt seirbhísí a thairiscint, amhail **treoraíocht agus comhairleoireacht dhlíthiúil (trí Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh)**; **úsáid saor in aisce a bhaint as an lárchóras bailithe ar líne atá slán agus soláimhsithe**, rud a laghdaíonn go mór freagrachtaí eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh mar rialaitheoirí sonraí; agus **seirbhísí aistriúcháin saor in aisce**.
- **Déanfar tacaíocht chomhchineáil d'eagraithe a fheabhsú a thuilleadh** laistigh de na forálacha buiséadacha agus dlíthiúla atá ann faoi láthair tríd an méid seo a leanas a

dhéanamh: tuilleadh treoraíochta a sholáthar maidir le hábhair phraiticiúla a bhaineann le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a reáchtáil (go háirithe, cistí a thiomsú agus Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a chur chun cinn ar fud an Aontais); feabhas a chur ar threoraíocht maidir le hinniúlachtaí an Aontais agus an Choimisiúin agus gnéithe eile a bhaineann le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh a dhéanamh inchláraithe; agus tuilleadh feabhsuithe ar na huirlisí TF (go háirithe an lárchóras bailithe ar líne).

- Cuirfidh an Coimisiún **dlús le soláthar faisnéise faoi thacaíocht airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann faoi chláir AE atá ann cheana**, laistigh de chritéir shonracha gach glao ar thograí. Mar shampla, cistíonn an 'Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna' (CERV) ([100]) tionscadail i réimse rannpháirtíocht na saoránach. Chun rochtain eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ar an gcistiú sin a éascú, soláthróidh an Coimisiún faisnéis go leanúnach maidir le glaonna ábhartha ar thograí agus seisiúin faisnéise thiomnaithe ina nuachtlitir mhíosúil maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún pointí teagmhála náisiúnta an Chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna ar an eolas go tráthrialta faoin Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ionas go mbeidh siad in ann freagairt d'iarrataí ar fhaisnéis ó eagraithe féideartha na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh. Áiritheoidh an Coimisiún freisin go mbeidh an tacaíocht chomhchineáil atá le fáil d'eagraithe saincheaptha agus spriocdhírithe ar a riachtanais (lena n-áirítear riachtanais chistiúcháin) agus go gcuirfear ar an eolas iad faoi na seirbhísí uile atá ar fáil dóibh.

**Gníomhaíocht 3: feabhas leanúnach ar an lárchóras bailithe ar líne**

Mar a léirítear leis an aiseolas forleathan a bailíodh ó shaoránaigh, is uirlis iontaofa é an lárchóras bailithe ar líne chun sínithe a bhailiú ar líne, uirlis a chomhlíonann freisin na hardchaighdeáin slándála a éilítear agus méideanna móra sonraí pearsanta á láimhseáil mar atá i gcás Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh.

- Leanfaidh an Coimisiún **d'fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an lárchóras bailithe ar líne** (bunaithe ar aiseolas agus moltaí a bailíodh le linn an athbhreithnithe ó eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh, ó shaineolaithe agus ó shaoránaigh, agus trí thástáil agus comhairliúcháin tráthrialta le húsáideoirí) chun freastal ar riachtanais eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ar bhealach níos fearr fós.
- Breithneoidh an Coimisiún **feabhsuithe eile** amhail tuilleadh roghanna a chur isteach chun an córas a shaincheapadh chun é a dhéanamh níos fabhraí d'fheachtasóirí agus níos rannpháirtí amhail staitisticí fíor-ama agus deais a chur ar fáil d'eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh chun súil a choinneáil ar a dTionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh;  agus measúnú a dhéanamh ar bhealaí chun sínitheoirí a chur ar an eolas ionas nach síneoidh siad an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh céanna arís agus arís eile.

([100]) https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/citizens-equality-rights-and-values-programme_en

- Díreoidh gníomhaíochtaí cumarsáide freisin ar fheasacht na saoránach a mhéadú maidir leis an gcaoi a n-áirithítear comhlíonadh na gceanglas cosanta sonraí agus a sonraí pearsanta á mbailiú tríd an lárchóras bailithe ar líne.

**Gníomhaíocht 4: cur chun feidhme an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus i gcomhar leis an tsochaí shibhialta**

Soláthraíonn Grúpa Saineolaithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, arna eagrú ag an gCoimisiún, fóram sonrach chun dul i gcomhairle le húdaráis na mBallstát agus cleachtais a mhalartú leo. Chomh maith leis sin, eagraíonn an Coimisiún comhairliúcháin agus suirbhéanna le páirtithe leasmhara go tráthrialta freisin chun aiseolas agus ionchur a bhailiú d’fhonn tuilleadh feabhsuithe praiticiúla a dhéanamh ar chur chun feidhme an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh. Chun cur chun feidhme an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a neartú a thuilleadh ar an leibhéal náisiúnta agus chun comhar leis an tsochaí shibhialta a neartú a thuilleadh, cuirfidh an Coimisiún dhá bheart chun feidhme.

- **I gcomhthéacs Ghrúpa Saineolaithe an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh,** leanfaidh an Coimisiún de **thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme a n-oibleagáidí i bpróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh,** ag díriú, mar shampla, ar ráitis tacaíochta a fhíorú, ar ísliú na haoise íosta chun tacú le Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh, ar scéimeanna náisiúnta ríomh-shainaitheantais a chomhtháthú leis an lárchóras bailithe ar líne, ar fheabhsúcháin ar an tseirbhís malartaithe comhad nó ar fhaisnéis agus cúnamh a sholáthar d’eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh.
- Tabharfaidh an Coimisiún **ról breise do pháirtithe leasmhara (lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta)** aon uair a d’fhéadfadh a saineolas a bheith úsáideach maidir le gnéithe sonracha de chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, amhail feabhsuithe ar an lárchóras bailithe ar líne; tuilleadh riachtanais oiliúna agus treoraíochta a shainaithint d’eagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh; agus feasacht agus infheictheacht an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a mhéadú (mar shampla, trí shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a idirnascadh le hardáin ábhartha ar líne maidir le rannpháirtíocht na saoránach ar an leibhéal náisiúnta).

**Gníomhaíocht 5: bearta leantacha níos feiceálaí ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh**

I gcomhréir le hAirteagal 15(1) den Rialachán maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, casann an Coimisiún le heagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ar éirigh leo chun é a chur ar a gcumas a gcuspóirí a mhíniú go mion. I gcomhréir le hAirteagal 15(2), tugann an Coimisiún bunús maith lena fhreagraí i bhfoirm Teachtaireachtaí arna nglacadh ag an gColáiste. Ina theannta sin, i gcás na dtrí Tionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh is déanaí ar éirigh leo, bhuail an Comhalta den Choimisiún atá freagrach as an réimse beartais ábhartha le heagraithe na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ar éirigh leo tar éis don Choimisiún a fhreagra a ghlacadh.

- Chun **eolas níos fearr a thabhairt d'eagraithe agus do shaoránaigh na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh maidir leis na bearta leantacha** atá beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh mar fhreagairt ar Thionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh bailí, déanfaidh an Coimisiún gnáthchleachtas de chruinnithe leantacha den sórt sin as seo amach.
- Déanfaidh na Coimisiún a áirithiú **go gcuirfear Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh rathúla san áireamh** go córasach **agus tograí beartais á bhforbairt mar fhreagairt ar na Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh sin** agus go gcuirfear a n-eagraithe san áireamh go comhsheasmhach sna comhairliúcháin a bhaineann leis na tograí lena mbaineann.
- Déanfaidh an Coimisiún **Tionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh rathúla** agus na gníomhaíochtaí leantacha a raibh siad ina gcúis leo **ina fheachtais chumarsáide a chur i dtábhacht ar bhealach níos láidre**, chun feasacht na saoránach ar thionchar Thionscnaimh Eorpacha ó na Saoránaigh ar phróiseas ceaptha beartais an Aontais a mhéadú.


## 6. CONCLÚID

Bunaithe ar an tuarascáil athbhreithnithe sin, breithníonn an Coimisiún go soláthraítear leis an Rialachán athbhreithnithe maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh creat níos inrochtana, is lú ualaí agus níos soláimhsithe d'eagraithe agus do lucht tacaíochta na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh. Tá an Coimisiún lántiomanta i gcónaí chun a áirithiú go mbainfidh an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh athbhreithnithe a acmhainneacht fhoriomlán amach mar uirlis chun díospóireacht agus rannpháirtíocht na saoránach a chothú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, déanfaidh sé roinnt gníomhaíochtaí coincréiteacha chun tuilleadh feabhais a chur ar fheidhmiú an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh agus ar an mbonneagar tacaíochta d'eagraithe, chomh maith le tionchar na dTionscnamh Eorpacha ó na Saoránaigh ar bheartais an Aontais a thaispeáint.

Aithníonn an Coimisiún an rannchuidiú fíor-riachtanach a dhéanann Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit le cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh. Cuireann an Coimisiún fáilte freisin roimh rannchuidiú institiúidí agus chomhlachtaí eile de chuid an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirtithe leasmhara eile, chun feabhas a chur ar infheictheacht an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil agus chun saoránaigh den Aontais a chur ar an eolas faoina gceart an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh a úsáid chun beartais an Aontais a mhúnlú.

# IARSCRÍBHINN

## Cairt 4: dáileadh na n-eagraithe de réir náisiúntachta agus áit chónaithe



**Cairt 5: dáileadh na n-eagraithe de réir aoise**

